



Comhairle na nDochtúirí Leighis  
Medical Council



# Tuarascáil Bhliantúil

agus Ráitis Airgeadais

## 2023

## Maidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht rialaitheach le haghaidh dochtúirí. Tá ról reachtach aici maidir leis an bpobal a chosaint trí na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn i measc dochtúirí atá i mbun cleachtais i bPoblacht na hÉireann.

Ní comhaltaí míochaine tromlach na Comhairle. Tá 25 comhalta ar an gComhairle agus ní comhaltaí míochaine 13 acu siúd agus is comhaltaí míochaine an 12 eile. Ní thugann an Stát aon mhaoiniú don Chomhairle agus is táillí clárúcháin na ndochtúirí an phríomhfhoinsé mhaoinithe atá aici.

Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis Clár Liachleachtóirí - Clár na ndochtúirí a bhfuil cead dlíthiúil acu obair mhíochaine a dhéanamh in Éirinn. Leagann an Chomhairle síos na caighdeáin maidir le hoideachas agus oiliúint mhíochaine in Éirinn. Déanann sí maoirsiú ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna ar feadh gairmréimeanna trí na ceanglais atá aici maidir le hinniúlacht ghairmiúil. Tá sé de thasc aici dea-chleachtas míochaine a chur chun cinn.

Is féidir le duine den phobal gearán a dhéanamh in aghaidh dochtúra le Comhairle na nDochtúirí Leighis.

**CLÁR NA  
NDOCHTÚIRÍ  
A CHOINNEÁIL**

**CÁILÍOCHT  
OIDEACHAIS DO  
DHOCHTÚIRÍ A  
CHOSAINT**

**DEA-CHLEACHTAS  
GAIRMIÚIL ar mhaithe  
le sábháilteacht  
agus cúram  
ardchaighdeáin  
na n-othar**

**CAIGHDEÁIN  
A LEAGADH SÍOS  
LE HAGHAIDH  
CLEACHTAS  
DOCHTÚIRÍ**

**FREAGRAÍ A  
THABHAIRT  
AR ÁBHAIR IMNÍ  
FAOI DHOCHTÚIRÍ**



|                                                               |    |
|---------------------------------------------------------------|----|
| Ráiteas an Uachtaráin                                         | 4  |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin                | 5  |
| Ar baineadh amach in 2023 faoi Ráiteas Straitéise 2019 – 2023 | 8  |
| Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2023              | 14 |
| Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin                         | 15 |
| 2023 de réir na nUimhreacha                                   | 16 |
| Clárúchán                                                     | 17 |
| Gearáin agus Imscrúduithe                                     | 19 |
| Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, Monatóireacht agus Sláinte     | 22 |
| Beartas Rialála agus Caighdeáin                               | 23 |
| Taighde                                                       | 24 |
| Forbairt Ghairmiúil                                           | 26 |
| Gnóthaí Corparáideacha                                        | 29 |
| Abhcóide Ginearálta                                           | 32 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)                | 33 |
| Áiseanna                                                      | 34 |
| Daoine agus Cultúr                                            | 36 |
| Cumarsáid agus Rannpháirteachas                               | 37 |
| Bainistiú Riosca                                              | 39 |
| Airgeadas                                                     | 40 |
| Soláthar                                                      | 41 |
| Ráitis Airgeadais                                             | 42 |
| Aguisíní                                                      | 74 |
| Aguisín A                                                     | 75 |
| Aguisín B                                                     | 81 |
| Aguisín C                                                     | 84 |
| Aguisín D                                                     | 89 |

# Ráiteas an Uachtaráin



An Dr. Suzanne Crowe  
Uachtarán

## Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain 2023 a chur i láthair.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do mo chomhghleacaí, an Dr Mary Davoren, ar a ceapachán mar Leas-Uachtarán ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí Iúil 2023. Ba é an buaicphointe pearsanta dom féin le linn na bliana mo cheapachán mar Uachtarán ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis don dara téarma, rud a chiallaíonn gur cheiliúir mé cúig bliana le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2023. Leis an bpríbhleá seo tagann freagracht. Tuigim é sin agus beidh mé cuntasach as.

Is é an príomhról atá againn mar Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chinntiú go mthaíonn an pobal cosanta ina n-idirghníomhaíochtaí le dochtúirí, agus ag an am céanna tacú le liachleachtóirí cláraithe in Éirinn. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta ionadaíocht a dhéanamh ar son chúram othar sábháilte ar ardchaighdeán, muinín an phobail i leith na ngairmeacha míochaine agus ceannaireacht i gcúram sláinte.

Cé gur chláraigh níos mó dochtúirí le Comhairle na nDochtúirí Leighis in 2023 ná mar a chláraigh riamh, tuigeann muid go rímhaithe go bhfuil ganntanas dochtúirí in Éirinn, go háirithe i gceantair thuaithe na tíre. Bíonn an tseirbhís sláinte atá againn ag brath go mór ar dhochtúirí atá cáilithe go hidirnáisiúnta chomh maith le dochtúirí ó thar lear. Is minic a thagann othair atá ina gcónaí in Éirinn ó chúilraí éagsúla agus dúshlánacha, agus mar sin tá áthas orm go bhfuil ionadaíocht a bhfuil géarghá leis ag Comhairle na téarma seo ó dhochtúirí idirnáisiúnta agus Éireannacha, chomh maith le roinnt ball nach dochtúirí leighis iad. Agus iad ag obair i dteannta a chéile, tabharfaidh siad tuiscint níos doimhne ar na dúshláin is gá a réiteach inniu, agus ar conas is féidir linn tacú níos fearr le dochtúirí agus othair ó thar lear.

In 2023 d'fhoilsíomar an 9ú hEagrán den Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic do Dhochtúirí Cláraithe (an Treoir), atá mar thoradh ar dhá bhliain oibre, a chuimsigh próisis chomhairliúcháin phoiblí agus spriocdhírthe agus go leor uaireanta dréachtaithe. Tá áthas orainn an Treoir nuashonraithe a chur i láthair do dhochtúirí, othair agus an don phobal i gcoitinne. Léiríonn na hathbhreithnithe agus na nithe breise atá ann an treoir is reatha, is ábhartha agus is cuimsithí ar réimse leathan cásanna a imríonn tionchar ar an ngairm leighis.

Taispeánann ár dtaighde go bhfuil dochtúirí fós i measc na ngairmeacha is mó a bhfuil muinín ag an bpobal astu in Éirinn. Is príbhleá é seo, agus is mór againn an phríbhleá sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Eitice agus lenár bpáirtithe leasmhara as a rannpháirtíocht ghníomhach, agus leis an bpobal agus leis an bpobal leighis as a n-aiseolas fíorluachmhar le linn an phróisis chun an Treoir a nuashonrú.

In 2023, d'fhanamar tiomanta do bheith ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara, ag úsáid rialáil leighis chomhréireach chun tacú le córas cúraim sláinte na hÉireann, agus muid ag freagairt do riachtanais cúraim sláinte an daonra a bhíonn ag síorathrú. Leanfaimid orainn ag obair ar bhealach dírithe agus comhbhách chun a chinntiú go bhfuil muinín leanúnach ag an bpobal as an ngairm leighis.

An Dr. Suzanne Crowe  
Uachtarán

# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



**Leo Kearns**  
Príomhoifigheach Feidhmiúcháin

## Fáilte romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na nDochtúirí Leighis, 2023.

Sa tríú bliain agam mar Phríomhfheidhmeannach, tá áthas orm breathnú siar ar bhliain tháirgiúil eile do Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Bhí go leor buaicphointí ann in 2023, nithe inmheánacha de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis mar eagraíocht a bhí i gcuid acu sin, agus nithe seachtracha mar chuid dár bpróisis rialála a bhí sa chuid eile.

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis freagrach as gairm na míochaine in Éirinn a rialú. Áirítear leis seo rialáil na Clárúcháin, Oideachas & Oiliúint Fochéime, Intéirneach agus Speisialtóir, Inniúlacht Ghairmiúil, Gearáin & Imscrúduithe, Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Déanann muid treoir ghairmiúil a tháirgeadh freisin, lena n-áirítear an Treoir maidir le hlompas Gairmiúil agus Eitic do Chleachtóirí Leighis Cláraithe, chomh maith le tuarascálacha a bhaineann leis an lucht oibre leighis. Agus na tuarascálacha seo agus sonraí ó fhoinsí eile á gcur san áireamh, tá imní ar an gComhairle faoi thraochadh agus coinneáil dochtúirí, agus na himpleachtaí atá aige seo do shábháilteacht othar agus ghairmiúil.

Ó 2022 i leith, tá Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag obair ar chlár claochlaithe, a bhí ag iarraidh, i dtéarmaí ginearálta, dul i ngleic le cúrsaí a bhaineann le rialachas, rún straitéiseach, feidhmíocht oibríochtúil, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus daoine agus cultúr. Tá áthas orm a rá go bhfuil obair ar an tionscadal athdhearadh eagraíochtúil seo críochnaithe anois.

Bhí gníomhartha suntasacha maidir le claochlú ár n-eagraíochta agus an bealach a n-oibrímid inár bPlean Gnó do 2023. Tar éis tionscadal cuimsitheach deartha eagraíochta in 2023, cuireadh Foireann Nua Feidhmiúcháin i bhfeidhm agus bunaíodh sé Stiúrtóireacht nua chun an eagraíocht a athailíniú chun tacú linn ár sainchúram a chomhlíonadh agus ár gcuspóirí a bhaint amach.

Laistigh de na stiúrtóireachtaí nua seo, earcaíodh foireann d'fheidhmeanna nua in 2023, lena n-áirítear ár bhfeidhm Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta. Is é príomhchuspóir na feidhme seo ná córais agus seirbhísí tacaíochta a fhorbairt a threoraíonn páirtithe leasmhara trí chastachtaí na timpeallachta rialála. Beidh gá le caidrimh láidre a chruthú le daoine aonair atá ag léiriú imní, dochtúirí, agus grúpaí seachtracha cosúil le heagraíochtaí abhcóideachta othar, líonraí ospidéal, FSS, agus an Roinn Sláinte. Is é an aidhm bhunúsach atá leis seo ná an pobal a chosaint trí dhíriú ar leas gach páirtí atá bainteach leis.

Ba bhliain ghnóthach í 2023 freisin dár stiúrtóireacht Gnóthaí Dlí agus Reachtaíochta. Thug an rannóg dlí comhairle ar roinnt réimeas reachtaíochta nua lena n-áirítear na hathruithe atá á dtabhairt isteach ag na hAchtanna 2020 agus 2023 agus an reachtaíocht um Nochtadh Oscailte.

Buaicphointe eile in 2023 ab ea tús tionscadail mhóir feabhsúcháin phróisis laistigh dár bhfeidhm Chláraithe, ag díriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chlárúcháin chun éifeachtúlachtaí a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le nuashonruithe ar bheartas agus ar nósanna imeachta. Áiríodh samhaltú éileamh-acmhainne anseo. Ba é ceann de na forbairtí suntasacha ná tabhairt isteach bealaigh clárúcháin 'mear' do dochtúirí a bhí ag líonadh ról phráinneacha sa tseirbhís sláinte, go háirithe laistigh de FSS. Bhain breis agus 161 dochtúir tairbhe as an bpróiseas clárúcháin tapa seo.

Tháinig tionscadal Athchóirithe Theach Kingram freisin chun críche in 2023 freisin. Críochnaíodh an athlonnú ar ais ón áitreabh sealadach nuair a athosclaíodh Teach Kingram an 17 Aibreán 2023.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ball foirne a léirigh tiomantas iontach do mhisean an Chomhairle go seasta, agus a chuir go dearfach lenár gclár claochlaithe an-tábhachtach. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin le baill na Comhairle agus an Choiste as an tacaíocht agus an treoir a thug siad don Fheidhmeannacht i rith na bliana 2023.

**Leo Kearns**  
Príomhoifigheach Feidhmiúcháin

# Ráiteas Straitéise 2019-2023

**Leis an straitéis seo a sheachadadh shainigh an Chomhairle sé phríomhchuspóir straitéiseacha agus roinnt gníomhartha an-tábhachtach.**

Is iad seo a leanas na sé phríomhchuspóir straitéiseacha don téarma seo:

**1**

**Cinntiú go gcosnaíonn rialachán míochaine an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe**

**2**

Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus foghlaim ar feadh an tsaoil

**3**

Foghlaim ó thaithí le seachadadh múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú

**4**

Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

**5**

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

**6**

Comhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

# Fís, Bunchuspóir agus Treoirphrionsabail

## Fís

Cúram othar sábháilte ar ardchaighdeán, muinín an phobail i leith na ngairmeacha míochaine agus ceannaireacht i gcúram sláinte

## Misean

Caighdeáin ghairmiúla a leagan síos, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu a thacóidh le seachadadh cúraim othar shábháilte ar ardchaighdeán agus dea-thorthaí othar

## Treoirphrionsabail

A bheith i bhfách le hothair agus tacú le liachleachtóirí i dtimpeallacht cúraim leighis atá ag athrú

Ag feidhmiú le neamhspleáchas, cothroime agus macántacht

A bheith oscailte agus trédhearcach

Ag tógáil iontaoibhe agus measa idir liachleachtóirí, othair agus Comhairle na nDochtúirí Leighis

Ag stiúradh an chúraim sláinte agus ag imirt tionchar air

Freagrach as ár gcinntí agus ár ngníomhartha

# Ar baineadh amach in 2023 faoi Ráiteas Straitéise 2019 – 2023

## Cuspóir Straitéiseach

1

Cinntiú go gcosnaíonn rialachán leighis an pobal agus go dtacaíonn sé le liachleachtóirí cláraithe

- Tugadh isteach struchtúr nua san rannóg chlárúcháin mar chuid den tionscadal Deartha Eagraíochta, a chuimsíonn foirne measúnaithe tiomnaithe, speisialaithe le tacaíocht 'triáiseála'. Tá sé mar aidhm ag an athrú seo éifeachtúlacht na foirne a fheabhsú agus próiseáil na n-iarratas a shruhlíniú.
- Thosaigh tionscadal mór feabhsúcháin phróisis in 2023, a bhí dírithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis chlárúcháin chun éifeachtúlachtaí a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir le nuashonruithe ar bheartas agus ar nósanna imeachta. Áiríodh samhaltú éileamh-acmhainne anseo.
- D'éirigh leis an Roinn Clárúcháin tréimhse 'buaicphróiseála' gníomhach a bhainistiú go rathúil thar mhionna an tsamhraidh:
  - 979 iarratas ar intéirneacht próiseáilte.
  - Chríochnaigh breis agus 26,000 dochtúir an Próiseas Coinneála Bliantúil.
  - Athbhreithníodh agus fíoraíodh 6,581 teastas Slánaíochta Gairmiúla.
  - 486 iarratas ó intéirnígh ar Chlárú Ginearálta próiseáilte.
  - Os cionn 350 iarratas aistrithe ó Speisialtóir Ginearálta/faoi Oiliúint go Rannán Speisialtóra próiseáilte.
- Tugadh isteach bealach clárúcháin 'mear' do dhochtúirí a bhí ag líonadh róil phráinneacha sa tseirbhís sláinte, go háirithe laistigh de FSS. Bhain breis agus 161 dochtúir tairbhe as an bpróiseas clárúcháin tapa seo.
- Nuashonraíodh agus feabhsaíodh an fhaisnéis chlárúcháin ar an suíomh Gréasáin, rud a d'fhág go raibh sé níos soiléire agus níos inrochtana do iarratasóirí agus do chláraithe.
- Bunaíodh Seirbhís Idirchaidrimh sa Chomhairle Leighis agus ceapadh Ceannasaí Seirbhísí Idirchaidrimh agus Tacaíochta. Cinntíonn an tseirbhís seo gur féidir le baill den phobal teagmháil a dhéanamh le foireann thiomnaithe laistigh den Chomhairle Leighis a fhéadfaidh cabhrú le fiosrúcháin agus faisnéis a sholáthar dóibh siúd atá á lorg ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.
- Bunaíodh Foireann Seirbhísí Tacaíochta le ceapachán bainisteora seirbhísí tacaíochta a bhfuil go leor taithí acu, rud a chuirfidh feabhas mór ar eispéireas na ndochtúirí a bhíonn i dteagmháil le Comhairle na nDochtúirí Leighis agus a chinntíonn rochtain thráthúil ar fhaisnéis agus ar nuashonruithe stádais.
- Ceapadh Coiste nua um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC) i lár na bliana. Chomh maith le hoiliúint ionduchtaithe ghinearálta ón gComhairle a fháil, tharla oiliúint shonrach FTPC freisin.
- D'fhreastail an FTPC ar feadh 69 lá ar fad agus éisteadh glaonna agus fiosrúcháin a d'fhág gur rinneadh 49 gearán faoi fheidhmiúlacht chun cleachtadh a dhiúscairt. Tá an figiúr diúscairthe seo go maith i gcomparáid leis an 29 gearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh a diúscairdh in 2022.
- D'fhoilsigh an fhoireann Taighde an Tuarascáil Faisnéise Lucht Oibre ag tarraingt ar shonraí clárúcháin 2022 agus chomhoibrigh siad leis an Rannóg Clárúcháin chun cáilíocht agus cruinneas na sonraí a chinntiú. Baineann ár gcomhpháirtithe seachtracha, lena n-áirítear an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), úsáid as na tuarascála seo i gcónaí chun tacú le tionscnaimh phleanála lucht saothair.
- Thug an fhoireann Taighde tacaíocht do pháirtithe leasmhara seachtracha le thart ar 30 tionscadal taighde agus sonraí, lena n-áirítear NDTP, FSS, an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) agus comhlachtaí oiliúna éagsúla.
- Leanadh de chleachtais mapála agus cáilíochta sonraí le linn 2023, mar iarracht cumas sonraí a fheabhsú agus creat cáilíochta a chinntiú do shonraí ar fud na heagraíochta.

## Cuspóir Straitéiseach

# 2

Cinntiú go bhfuil leanúnachas i gcur i bhfeidhm caighdeán ar cháilíocht dhearbhaithe i ngnéithe an oideachais, na traenála agus fhoghlaim ar feadh an tsaoil

- Ceann de na príomhathruithe a eascraíonn as an Tionscadal Deartha Eagraíochta (OD) ná ailíniú ár struchtúr (agus próisis amach anseo) le saolré gairmiúil an dochtúra. Cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm in 2023 agus tá acmhainneacht ollmhór aige don Chomhairle tionchar suntasach dearfach a imirt maidir leis an oideachas fochéime, an oiliúint speisialtóra iarchéime agus an inniúlacht ghairmiúil.
- Forbraíodh agus cheadaigh an Chomhairle sraith aonair de chaighdeán agus critéir maidir leis na gnéithe éagsúla den oideachas agus den oiliúint leighis i Márta 2023.
- An Rannóg Oideachais agus Oiliúna:
  - Chríochnaíodh 22 gníomhaíocht chreidiúnaithe/ cigireachta i rith na bliana. (4 dámhachtain; 1 cuairt deimhniúcháin; agus 17 iniúchadh (Intéirneach (n-13) & Anatamaíocht (n-4)).
  - Rinneadh athbhreithniú ar 16 chlár trí sheacht gcruinniú den Phlean Gníomhaíochta agus Cur Chun Feidhme (AIP) leis an bpróiseas Tuairisceán Bliantúil agus rinneadh anailís ar 35 fhoirm cháilíochtúil agus 66 fhoirm chainníochtúil san iomlán
  - D'aithin athbhreithnithe ar Thuairisceán Bliantúil gur réitíodh 15% de na coinníollacha go sásúil; cuireadh 32% de na moltaí i bhfeidhm – méadú de 10% i gcomparáid leis an mbliain seo caite.
- Dúnadh moltaí do cheithre chlár - is é seo an chéad uair a chomhlíon clár gach riachtanas ó thosaigh an Próiseas Tuairisceán Bliantúil in 2018. Fuair foireann na Láithreán Oiliúna Cliniciúla Pleananna Gníomhaíochta agus Cur Chun Feidhme nuashonraithe ó shé ghrúpa ospidéal chun an próiseas monatóireachta do CTS a athbhunú in 2024.
- Rinneadh athbhreithniú ar ár sonraí creidiúnaithe agus cigireachta ó 2017-2022 chun dearadh múnla nua dearbhaithe cáilíochta a threorú.
- Tá creat dearbhaithe cáilíochta oideachais agus oiliúna ardleibhéil forbartha – is é sin an córas foriomlán maidir le dearbhú cáilíochta MET.

## Cuspóir Straitéiseach

3

### Foghlaim ó thaithí le samhail múnla éifeachtach chuí rialúcháin a fheabhsú

- Tar éis uasghrádú an-rathúil ar Evolve (córas bainistíochta cásanna), tugadh isteach roinnt pointí nua iontrála sonraí chun ár gcumas tuairiscithe a fheabhsú. Rinneadh feabhsuithe ar chuid de na príomhphointí sonraí, amhail catagóirí na ngearáin, na ngearán féideartha agus láthair & suíomh gearáin.
- Le linn 2023 tháinig méadú ar líon na ngearán a cuireadh faoi bhráid an Choiste Feidhmiúlachta chun Cleachtadh (FTPC), mar aon le méadú comhuaineach ar chastacht chliniciúil agus ar thromchúis na n-aighneachtaí sin. Faoi 31 Nollaig 2023, bhí 150 atreorú ón gCoiste Réamhimeachtaí (PPC) i measc líon na gcásanna a bhí le plé maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTP). Cuireadh thart ar 19% de na 150 cás atá idir lámha chuig FTP in 2021 nó roimhe sin agus ba phríomhthosaíocht é dul i ngleic leis an gcuid bheag ach shuntasach stairiúil seo den ualach cásanna foriomlán FTP in 2023 agus is amhlaidh a bheidh sé arís in 2024.
- I mí Lúnasa, thug an Stiúrthóireacht Feidhmiúlachta chun Cleachtadh isteach creat triáise a dearadh chun cabhrú lenár soláthraithe seirbhísí dlí seachtracha tosaíochtaí a rangú i measc na gcásanna foriomlána FTP ata le plé agus chun níos mó infheictheachta a thabhairt dúinn ar chomhdhéanamh na gcásanna sin.
- Fuarthas 61 atreorú ar fad ó PPC in 2023 agus táthar ag súil go bhfaighfear líon comhchosúil atreoruithe ó PPC in 2024. Léiríonn sé seo laghdú beag ar an ráta atreoraithe; in 2022, bhí an ráta atreoraithe ó PPC go FTPC ag 22%; in 2023 b'ionann an ráta atreoraithe sin agus 15%.
- Chuir an Abhcóide Ginearálta comhairle dhlíthiúil inmheánach ar fáil do Choistí, painéil agus ranna éagsúla ar fud na heagraíochta ar réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear Nochtadh Cosanta, an Beartas Foilsitheoireachta, oiliúint don Choiste Clárúcháin agus Cleachtais Leanúnaigh, agus roinnt cúrsaí Ard-Chúirte.
- Maidir le conarthaí agus soláthair, thug an Rannóg Dlí comhairle ar roinnt nithe lena n-áirítear conradh casta don tairiscint seirbhísí dlí agus roinnt nithe eile a bhain le conarthaí. Ar deireadh, i réimse an rialachais faisnéise, chuir an Rannóg Dlí comhairle fhairsing ar fáil ar shaincheisteanna lena n-áirítear sáruithe sonraí agus aighneachtaí chuig an DPC agus an OIC.
- Le linn na bliana bhí 32 cás S.105 ann a stiúradh an Rannóg Gnóthaí Reachtacha leis na Gardaí le sé imscrúdú coiriúil ar leith.
- An Coiste Sláinte
  - *Críochnaíodh 88 seisiún athbhreithnithe aonair ar fad chomh maith le 7 seisiún iomlánacha;*
  - *Bhí tacaíocht á tabhairt do 51 cleachtóir faoi dheireadh na bliana;*
  - *Scaoileadh ochtar cleachtóirí ó thacaíocht an Choiste i 2023;*
  - *Tháinig dhá chleachtóir déag isteach sa Choiste in 2023.*
- Reáchtáladh sé chruinniú den Choiste Monatóireachta in 2023. Déanann an Coiste Monatóireachta monatóireacht ghníomhach ar 18 cleachtóir. Le linn 2023, scaoileadh ceathrar cleachtóirí ó mhaoirseacht an Choiste Monatóireachta agus tháinig ceathrar eile isteach.
- Cuireadh tús le bunú feidhme Monatóireachta ag leibhéal Feidhmiúcháin.
- Bunaíodh Stiúrthóireacht nua, chun feidhmeanna beartais rialála agus caighdeáin na Comhairle a bhunú. Áirítear i measc na hoibre ar cuireadh tús leis forbairt an chreat beartais rialála agus struchtúr rialachais, teimpléid forbartha beartais, bunú an fhórait beartais rialála, scóip agus anailís ar riachtanais beartais rialála ar fud na Comhairle. Seachadadh an chéad bheartas sa réimse seo, Beartas Foilseachán don Chomhairle, ag deireadh 2023.

# Cuspóir Straitéiseach

## 4

### Tuiscint ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fheabhsú

- Thug na foirne Taighde agus Cumarsáide faoi phróiseas comhairleach chun tacú le forbairt na Ráiteas Straitéise, 2024-2028. Bailíodh sonraí an tsuirbhé agus rinneadh anailís orthu, agus ullmhaíodh tuarascáil mhionsonraithe bunaithe ar na torthaí.
- D'eagraigh na foirne dhá phríomhimeacht do pháirtithe leasmhara: An cruinniú comhairliúcháin comhcheime maidir le Ráiteas Straitéise 2024 – 2028 agus comhdháil páirtithe leasmhara agus na meán chun tacú le seoladh an 9ú hEagrán den *Treoir maidir le hlompas Gairmiúil agus Eitic do Ghairmithe Leighis Cláraithe* a raibh breis is 90 duine i láthair ann le cainteoirí a dhírigh ar théamaí a tháinig chun cinn ón treoir nua. Tharraing an comhdháil aird shuntasach ó na meáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus rinneadh roinnt agallamh le hUachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus urlabhraithe eile.
- D'éirigh linn clúdach suntasach a mhealladh sna meáin chlóite agus chraolta trí chumarsáid dhigiteach, lena n-áirítear feachtas ríomhphoist chuig os cionn 30,000 dochtúir agus páirtithe leasmhara agus postálacha beo ar na meáin shóisialta maidir leis an ócáid a fuair os cionn 25,000 amharc.
- Rinneadh taighde ar thuairimí an phobail le torthaí a úsáideadh chun tacú lenár bpríomhchuspóirí cumarsáide, lena n-áirítear seoladh bhlag Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag an bhfoireann cumarsáide digítí, ina bhfuil ábhar tarraingteach agus faisnéiseach do dhochtúirí agus d'othair. Tá rannpháirtíocht iontach feicthe ag an mblag go dtí seo, le méadú +55% ar an am a chaitear ar leathanaigh an bhlag i gcomparáid le hábhar gréasáin eile, rud a léiríonn rannpháirtíocht láidir lenár lucht féachana.
- Thug na foirne Cumarsáide agus Taighde tacaíocht don Uachtarán freisin le roinnt cur i láthair, lena n-áirítear Comhdháil IAMRA (Cumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis) san Indinéis ar an ábhar "Gluaiseacht idirnáisiúnta dochtúirí – deiseanna agus dúshlán eiticúla - Taithí Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn" áit ar chuir an tUachtarán ár dtaithí ar thacaíocht a thabhairt do dhochtúirí ón Úcráin agus ón tSúdán i láthair.
- Tá feabhsuithe suntasacha ar an suíomh gréasáin bainte amach le seoladh tionscadail Athbhreithnithe Ábhar Gréasáin le foirne ar fud na heagraíochta. Anuas air sin, seoladh leathanach baile nua athdheartha, athnuachan ar an scéim dathanna ar fud an tsuímh agus tionscadal rithábachtach um Chosaint Sonraí & Fianáin agus athdhearadh. Cuirfear feabhsuithe breise i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2024, chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú.
- Tá ardán nua Blag deartha agus seolta ina bhfuil ábhar tarraingteach agus faisnéiseach do dhochtúirí agus d'othair araon, tá gníomhaíocht na meán sóisialta feabhsaithe (le méadú 26% ar lucht leanúna i rith 2023) agus tá nuachtlitir athdheartha do pháirtithe leasmhara forbartha agus tugtha isteach.
- Bhí larratais Rochtana ar Ábhar Sonraí (DSAR) agus iarratais ar Shaoráil Faisnéise (FOI) ard arís in 2023 (15 agus 53, faoi seach). Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar iarratais ó pháirtithe eile ar nós An Garda Síochána agus gnólachtaí aturnaetha go 84 ó 31 in 2022. Cloítear le hamlínite reachtúla maidir le próiseáil agus bainistiú na nithe sin den chuid is mó.

## Cuspóir Straitéiseach

5

Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena rialaítear na gairmeacha míochaine agus athruithe a mholadh

- Tá an Chomhairle tar éis oibriú le páirtithe leasmhara sa Roinn Sláinte chun athrú reachtaíochta a mholadh a fheabhsóidh éifeachtúlacht agus éifeachtacht rialáil gairmithe leighis. Thug an Abhcóide Ginearálta comhairle ar roinnt réimeas reachtaíochta nua lena n-áirítear na hathruithe atá á dtabhairt isteach ag na hAchtanna 2020 agus 2023 agus an reachtaíocht um Nochtadh Oscailte.
- Rinneadh obair ullmhúcháin shuntasach roimh chur i bhfeidhm an Achta um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020. Rinneadh go leor oibre freisin chun forálacha an Achta um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú) atá i bhfeidhm cheana a chumasú, lena n-áirítear na forálacha a chuir leasuithe ar shainmhínte céimeanna leighis ceadaithe ar fáil, agus iad siúd a bhaineann le daoine a chríochnaigh a gcuid staidéir sa RA a bheith incháilithe le haghaidh intéirneachtaí anseo.
- Tá taighde agus dréachtú suntasach déanta ag an Rannóg Gnóthaí Reachtach ar athruithe reachtach atá beartaithe agus chomh maith leis sin rinne siad comhordú leis an Roinn ar fhorbairtí reachtach i rith na bliana.

## Cuspóir Straitéiseach

6

Comhairle na nDoctúirí Leighis a fhorbairt mar eagraíocht rannpháirteach, éifeachtach agus cumhachtaithe

- Ba é príomhfhócas na feidhme Daoine & Cultúr in 2023 ná straitéis agus plean gnó a shainiú agus a chur chun cinn chun tacú le seachadadh straitéis ghnó foriomlán na heagraíochta.
- Príomhghnéithe seachadta na feidhme thar 2023 ná: cumas eagraíochta a thógáil agus forbairt ceannaireachta, feabhas a chur ar eispéireas agus rannpháirtíocht fhostaithe, forbairt Oibríochtaí agus próisis éifeachtacha AD dírithe ar chustaiméirí agus bainistíocht clár an tionscadail Deartha Eagraíochta – soláthraíonn na nithe sin saeolas ceannaireachta daoine agus bainistíocht athraithe chomh maith le comhpháirtíocht a dhéanamh le Foireann Sinsearach/Ceannaireachta Feidhmiúcháin (SLT/ELT) agus a bhfoirne chun dul i ngleic leis na hathruithe claochlaitheacha is gá.
- Rinne Rannóg Daoine agus Cultúr earcaíocht freisin do na 34 ról a cheadaigh an Roinn i bplean lucht saothair 2022, chomh maith le comórtais inmheánacha a reáchtáil do ról a tháinig chun cinn ón gclár Deartha Eagraíochta agus ról eile a tháinig chun cinn trí laghdúithe nádúrtha foirne.
- De réir dheireadh na bliana, tá 138 ról ceadaithe, agus táthar ag súil go méadóidh sé go 147 in 2024 faoi réir cheadú na Roinne Sláinte ar ról nua a eascraíonn as Deartha Eagraíochta. Tháinig ardú ar líon n-iarrthóirí inmheánacha ar éirigh leo nuair a chuir siad isteach ar phróisis roghnúcháin go 64% faoi dheireadh na bliana.
- Úsáideadh léargais ó Shuirbhé Cultúir 2022 agus sonraí ó Agallaimh Scoir chun tionscnaimh a fhorbairt chun rannpháirtíocht agus eispéireas fostaithe a fheabhsú lena n-áirítear cur i bhfeidhm cur chuige nua bainistíochta feidhmíochta, clár earcaíochta agus ionduchtaithe athbhreithnithe, deiseanna gairme feabhsaithe trí dheiseanna éagsúla foghlama agus forbartha a chur ar fáil chomh maith le deiseanna dul ag obair ar iasacht.
- Forbraíodh creat inniúlachta ceannaireachta chun tacú le forbairt foirne ag gach leibhéal chun gnéithe iompraíochta na n-inniúlachtaí ceannaireachta ardleibhéil a aithníodh in 2022 a fhorbairt. Tá an creat anois mar bhonn le haghaidh comhráit maidir le hearcaíocht, feidhmíocht agus gach gníomhaíocht forbartha ceannaireachta.

Athbhreithníodh agus ailíníodh gach Polasaí Lárnach Daoine agus an Lámhleabhar Foirne le Ciorcláin ábhartha na seirbhíse poiblí agus aon athruithe reachtaíochta.

- Rinneadh Clár Deartha Eagraíochta a bhainistiú agus a sheachadadh le linn 2023 – nuair a bhí an bhliain ag druidim chun deiridh, bhí ról sa struchtúr nua sannta do gach fostaí agus tá an pleanáil aistrithe feidhmiúil go léir críochnaithe, rud a fhágann go mbeidh muid réidh chun na feidhmeanna nua a chur ar bun ó Eanáir 2024.
- Is é an toradh glan ar na tionscnaimh agus na nithe insóláthartha éagsúla ná ráta imeachta de 15% ag deireadh na bliana, 1% faoi bhun na meánrátaí imeachta in Éirinn de 16%, agus laghdú de 7% ar ráta imeachta na bliana roimhe sin de 22%, rud a chuireann áthas orainn a fheiceáil go háirithe i gcoinne chúlra an athraithe claochlaitheach a tharla i rith na bliana seo.
- Le linn 2023, d'úsáideamar na léargais ó 2022 chun ár ngníomhaíochtaí a threorú. Le linn 2024, leanfaimid orainn ag tógáil ar fhorbairt straitéise agus tionscnamh Daoine & Cultúr a thosaigh in 2023, chun cumas a chur chun cinn le leibhéil leanúnacha coinneála agus rannpháirtíochta foirne.
- Tháinig tionscadal Athchóirithe Theach Kingram freisin chun críche in 2023 freisin. Críochnaíodh an athlonnú ar ais ón áitreabh sealadach nuair a athosclaíodh Teach Kingram an 17 Aibreán 2023. I measc na bpríomhfheabhsuithe ar an bhfoirgneamh bhí uasghráduithe agus oibreacha feabhais ar chórais sábháilteachta dóiteáin agus ar chreatlach níos leithne an fhoirgnimh, athchóiriú iomlán ar láimhseáil aeir, aisfheistiú ar théamh agus ar shoilsiú, feabhsuithe ar na limistéir liostaithe agus suiteáil Córas Bainistíochta Foirgnimh (BMS) nua chun cumais tuairiscithe bainistíochta comhshaoil agus fuinnimh a fheabhsú.
- Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chonarthaí Áiseanna (31+) in 2022 a bhí mar bhonn eolais faoin bhforbairt sonraíochta Bainistíochta Áiseanna comhiomlánaithe. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an bpróiseas soláthair seo i 2023 agus cuirfear ar an margadh é i 2024.
- Cuireadh comhoibriú Cothabhála Coscach Pleanáilte (PPM) eatramhach chun cinn i gcomhar leis na Rannóga Soláthair agus Dílíthiúil a dhéileálfaidh le rioscaí tosaíochta a bhaineann le barántais foirgnimh, díghrádú agus ceanglais reachtúla cothabhála agus sábháilteachta foirgnimh.
- Chonaiceamar méadú suntasach ar iarratais ar thacaíocht oibríochtúil tar éis athoscailt Theach Kingram, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:
  - 59\* cruinniú duine le duine (lena n-áirítear comhordú ar iarratais lónadóireachta agus socruithe seomra d'imeachtaí inmheánacha agus seachtracha)
  - 88 áirithint cóiríochta thar 103 oíche\*
  - 808\* cuairteoir chuig Teach Kingram (ní áirítear cuairteanna gearra ina réitítear fiosruithe ag an deasc fáiltithe)
- 55 measúnú riosca eirgeanamaíochta; 4 measúnú riosca speisialtacht; 9 measúnú riosca a bhain le foirgnimh críochnaithe (sláinte & sábháilteacht)
- 4 eachtra/ timpiste bainistithe (tharla timpiste amháin lasmuigh de thailte Chomhairle na nDochtúirí Leighis i spás poiblí)
- \* Sonraí ar fáil ó Mheitheamh go Nollaig
- Feabhsófar bainistíocht rathúil ar an Deasc Chabhrach Áiseanna agus réiteach ticéad nuair a thabharfar isteach Deasc Chabhrach nua ag ICT in 2024.
- Chuir an fhoireann Cumarsáide taighde tuairimí poiblí ar bun a rinne Behaviour & Attitudes, agus úsáideadh na torthaí i roinnt réimsí lena n-áirítear Lá Domhanda um Shábháilteacht Othar WHO.
- Chuir an taighde seo ar chumas na foirne Cumarsáid Dhigiteach blag Chomhairle na nDochtúirí Leighis a sheoladh, ina bhfuil ábhar tarraingteach agus faisnéiseach do dhochtúirí agus d'othair araon. Tá rannpháirtíocht iontach feicthe ag an mblag go dtí seo, le méadú +55% ar an am a chaitear ar leathanaigh an bhlag i gcomparáid le hábhar gréasáin eile, rud a léiríonn rannpháirtíocht láidir lenár lucht féachana.
- D'éirigh le Comhairle na nDochtúirí Leighis i dtairiscint chun Comhdháil Idirnáisiúnta IAMRA a óstáil i 2025 i mBaile Átha Cliath. Bhí tacaíocht mhór ag an tairiscint seo ón bhfoireann Cumarsáide agus bhí cur i láthair tairisceana agus moltaí físeáin san áireamh, rud a chabhraigh lena chinntiú gur éirigh lenár dtairiscint.
- Chuir an fhoireann TFC roinnt feabhsuithe i bhfeidhm laistigh de thórdhreach bonneagair agus seirbhíse TF. San áireamh in athlonnú na heagraíochta ar ais go Teach Kingram i ndiaidh a fheabhsaithe bhí rolladh amach rochtain feabhsaithe corparáideach wi-fi agus VPN. Rinneadh forbairt agus cur i bhfeidhm sceidil uasghrádaithe agus paisteála ar fhreastalaithe, agus tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe do 2024. Feabhsaíodh infheictheacht agus bainistíocht ár bhfeistí úsáideora deiridh freisin nuair a cuireadh feabhas ar réiteach críochphointe ManageEngine Central.
- D'éirigh leis an bhfoireann TFC an modúl clárúcháin PRISM a chur i gcrích go rathúil. Rinneadh feabhsuithe freisin laistigh den chóras oibríochtúil lárnach eile, Practice Evolve, a chuimsigh uasghrádú mór ar an mbogearra agus feabhsú ar na feidhmiúlachtaí saincheaptha a seachadadh dár nGearáin & Imscrúduithe.
- Thosaigh an fhoireann Soláthair an próiseas chun Plean Soláthair Corparáideach (CPP) a fhorbairt don Chomhairle a thabharfaidh tosaíocht do ghníomhaíocht straitéiseach soláthair agus a thacóidh le gach Stiúrthóireacht a gcuid cuspóirí a bhaint amach do 2024. Déanfaidh an CCP conarthaí neamhchomhlíontacha a aithint agus a réiteach freisin, rud a thacóidh le forbairt Cláir Chonarthaí.

# Comhaltaí na Comhairle

Amhail an 31 Nollaig 2023



**An Dr. Suzanne Crowe**  
Uachtarán



**An Dr. Mary Davoren**  
Leasuachtarán



Teresa Bulfin



Sinéad Corcoran



An Dr. Morgan Crowe



Marie Culliton



Ian Drennan



John Gleeson



Paul Harkin



Jill Long



An tOllamh Joe  
McMenamin



An tOllamh  
Deirdre Murphy



John Murray



Nauman Nabi



An tOllamh Ronan  
O'Connell



An Dr. Margaret  
O'Riordan



Jim O'Sullivan



An tOll.  
Mary O'Sullivan



An tOll.  
Edna Roche



An Dr. Liqa ur  
Rehman



An tUasal Ronan  
Quirke

# Foireann Shinsearach Ceannaireachta



**Leo Kearns**

*An Príomhoifigeach  
Feidhmiúcháin*



**Paul Byrne**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin,  
Oibríochtaí Rialála &  
Seirbhísí Tacaíochta*



**Jantze Cotter**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin Beartas  
Rialála & Caighdeán*



**Mairead Britton-Doyle**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin FTP  
& Monatóireacht*



**Katie Mulroy**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin,  
Gearáin & Imscrúduithe*




**Colm O'Leary**

*Stiúrthóir Feidhmiúcháin,  
Straitéis & Seirbhísí Gnó*



**Yvonne Clancy**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin  
Eatramhach, Forbairt  
Eagraíochta*



**Roseanne Fox**

*Stiúrthóir  
Feidhmiúcháin  
Airgeadais, TF &  
Claochlú Digiteach*



**Alan Gallagher**

*Ceann Cumarsáide agus  
Rannpháirteachais le  
Páirtithe Leasmhara*



**Johanna Morris**

*Stiúrthóir, Abhcóide  
Ginearálta*

## 2023 de réir na nUimhreacha

# 29,488

Dochtúirí ar an gclár ag deireadh na bliana 2023

méadú ar an **27,520** a bhí air in **2022**



Miondealú de réir Inscne

**46%**  
Mná



**54%**  
Fir

# 41%

de na DOCHTÚIRÍ i rannán na speisialtóirí



# 35%

de na dochtúirí **34 bliain d'aois** nó faoina bhun



# 52%

an sciar dóibh sin ar **mná** iad



# 353



líon na ngearán a fuarthas

# Clárúchán

Cinntíonn an rannóg Chlárúcháin nach mbíonn rochtain ar an gclár agus, ar an gcaoi sin, ar an gcumas chun leigheas a chleachtadh in Éirinn ach ag na liachleachtóirí leis na cáilíochtaí is iomchuí. Bhí bliain ghníomhach eile ag foireann Chlárúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2023, agus iad tiomanta ionracas an Chláir Leighis a chaomhnú trí rochtain a chinntiú do na daoine sin a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu agus do na daoine sin amháin. Ag an am céanna bhí siad ar a ndícheall ag soláthar seirbhísí cuimsitheacha do chleachtóirí leighis.

I gcreat an tionscnaimh Deartha Eagraíochta do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, bunaíodh struchtúr athbhreithnithe rannóg, a dhéanann foireann ar leith Oibríochtaí agus Tionscadal a ionchorprú chun maoirseacht a dhéanamh ar gach feidhm nach mbaineann le measúnú. Tá an coigeartú seo dírithe ar éifeachtúlacht na bhfoirne measúnaithe agus an phróisis iarratais a fheabhsú. Tugadh ról nua cheannaireachta isteach, lena n-áirítear Ceann Clárúcháin agus ceannaire ar Oibríochtaí agus Tionscadail, sa Roinn Clárúcháin sa tríú ráithe de 2023.

I gcomhpháirtíocht leis an roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, rinneadh feabhsuithe suntasacha ar an gcóras clárúcháin, rud a d'fhág go raibh an próiseas coinneála bliantúil níos simplí do dhochtúirí.



Bunaíodh tionscadal piolótach clárúcháin tapa, a ceapadh chun clárú dochtúirí atá ag teastáil le haghaidh ról phráinneacha laistigh den tseirbhís sláinte a bhróstú. D'éascaigh an tionscnamh seo clárú tapa do níos mó ná 161 dochtúir, rud a chuir ar a gcumas tosú ina bpoist rithábhachtacha laistigh den chóras sláinte go pras.

Tá aiseolas dearfach tugtha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an tionscadal piolótach seo.

Chomh maith leis sin, seoladh córas nua Scrúdaithe Réamhchláraithe (PRES 2) le linn na bliana, a sholáthraíonn bealach clárúcháin díreach do dhochtúirí nach bhfuil cáilíochtaí ar leith acu. Is amhlaidh gur bhain dochtúirí in Éirinn tairbhe ar leith as seo, iad siúd nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh i scrúduithe idirnáisiúnta comhionanna san áireamh.

Rinneadh iarrachtaí chun ábhar cláraithe ar an suíomh Gréasáin a nuashonrú i gcomhar leis an bhfoireann Cumarsáide & Rannpháirtíochta, rud a d'fhág go raibh an fhaisnéis níos inrochtana agus níos soiléire do dhaoine atá ag iarraidh clárú agus do dhaoine atá cláraithe cheana féin.

Ina theannta sin, tá comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara tar éis aitheantas a éascú do Chlár Oiliúna an Mhalaeisia-Éire don Leigheas Teaghlaigh, rud a chruthaíonn bealach isteach foirmiúil do dhochtúirí dul isteach sa Rannán Speisialtóra sa Chleachtas Ginearálta. Tá sé seo mar chuid d'iarracht leanúnach chun aitheantas a thabhairt do chlár bhreise agus chun comhtháthú na ndochtúirí sa chóras sláinte a fheabhsú.





An Dr Suzanne Crowe agus an tUasal Yassir Hamad, Uachtarán Aontas Dochtúirí na Súdáine in Éirinn (SDUI).

## Iarratais ar chomhaltas de Chlár na Lia-chleachtóirí

Le linn 2023, bhí 6,519 iarratas ann ar chomhaltas de chlár na Lia-chleachtóirí in Éirinn. As na hiarratais sin ceadaíodh 3,859. Tháinig formhór na n-iarratas a ceadaíodh ó dhochtúirí a bhí ag iarraidh clárú den chéad uair leis an gComhairle agus ó dhochtúirí a bhí ag iarraidh athchlárú ar an gClár - is é sin dochtúirí a d'fhág an Clár, nó a baineadh de roimhe sin agus a bhí ag iarraidh comhaltas a fháil arís.

## Coinneáil Bhliantúil

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2023, bhí 29,488 dochtúir ar Chlár na Lia-Chleachtóirí. Léirítear anseo gach dochtúir atá ceadúnaithe chun leigheas a chleachtadh in Éirinn. Tá sciar díobh ann nach bhfuil gníomhach go cliniciúil in Éirinn áfach.

Ba é 42 bliain d'aois an meánaois na ndochtúirí seo, agus fir a bhí i níos mó ná leath de na dochtúirí seo - 15, 942. Bhí deighilt níos cothroime ann ó thaobh inscne i measc dochtúirí óga. Bhí 5,386 ban faoi 34 ar an gclár - sin níos mó ná an leathchuid de na dochtúirí cláraithe san aoisghrúpa sin.

Bhí 41% de na dochtúirí seo cláraithe ar an Rannán Speisialtóirí, bhí 38.7% díobh ar an Rannán Ginearálta ag agus 12.2% díobh ar an Rannán Speisialtóirí faoi Oiliúint den chlár.

Tabharfaidh Tuarascáil Faisnéise Fhórsa Saothair Chomhairle na nDochtúirí Leighis 2023, atá á forbairt faoi láthair, tuilleadh eolais agus léargais ar fhórsa saothair leighis na hÉireann, agus rachaidh sí níos doimhne isteach sna sonraí a leagtar amach thuas. Foilseofar an tuarascáil fhórsa saothair seo i Mí Iúil 2024.

Tá Staitisticí iomlána faoi Chlárúcháin le fáil in Aguisín B.

# Gearáin agus Imscrúduithe

Cosnaíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis an pobal trí ardchaighdeáin oideachais, oiliúna, iompar agus inniúlachta a chur chun cinn agus a chinntiú i measc dochtúirí atá cláraithe leis an gComhairle.


Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ar mhaithe le leas an phobail, agus is féidir léi srianta a chur i bhfeidhm ar chlárú liachleachtóra, rud a chuirfeadh srian nó deireadh le ceart liachleachtóra leigheas a chleachtadh in Éirinn. Ní dhéantar an gníomh seo ach i gcásanna a bhaineann le teipeanna tromchúiseacha ón gcleachtóir leighis.

Mar rialtóir na gairme leighis, tá sé ar cheann de phríomhfheidhmeanna Comhairle na nDochtúirí Leighis gearáin a phróiseáil a fuair sí i gcoinne cleachtóirí leighis cláraithe.

## Ról an Choiste Réamhimeachtaí

Is é an Coiste Réamhimeachtaí ('an PPC') an Coiste atá freagrach as breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearáin agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil gníomh breise ag teastáil, mar shampla, atreorú an ghearáin chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh chun fiosrúchán mionnaithe ó bhéal a thionól. Is coiste é an Coiste Réamhimeachtaí atá curtha ar bun faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá feidhm thábhachtach ag an PPC freisin gearáin a chaitheamh amach ag céim luath má mheasann sé go bhfuil gearán cráiteach nó gan substaint.

## Próiseas Gearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis





An tUasal Leo Kearns, an Dr Suzanne Crowe, an Breitheamh David Barnville, Uachtarán na hArd-Chúirte, an Bhean Uasal Sheila McClelland, iar-Phríomhfheidhmeannach Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, Príomhfheidhmeannach CORU anois.

Tá 25 ball ar an PPC faoi láthair, lena n-áirítear cúigear tuataí agus 17 liachleachtóir. D'fhreastail an Coiste ar 10 gcruinniú in 2023. Fuair an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe 353 gearán i gcoinne 391 dochtúir in 2023.

Tá tromlach de liachleachtóir ag an PPC agus tá sé comhdhéanta de bhaill de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus baill sheachtracha. Déanann an PPC déileáil le méid suntasach gearán agus tarlaíonn cruinnithe PPC go cianda gach 4-6 seachtaine. Tacaíonn an fhoireann Feidhmiúcháin leis an PPC. Áirítear dlíodóirí, oifigigh cásanna, agus oifigigh rialála ina measc siúd.

Féadfaidh an Coiste cinneadh a ghlacadh nach bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil le gearán; gur cheart gearán a tharchur chuig comhlacht nó chuig údarás eile, nó chuig scéim inniúlachta gairmiúla; go bhféadfaí gearán a réiteach trí idirghabháil; nó gur cheart gearán a tharchur chuig Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC).



Foireann Dlí Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn.

Is iad seo a leanas na forais ar a bhféadfaí gearán a tharchur chuig FTPC:

- Mí-iompar gairmiúil
- Feidhmíocht ghairmiúil lag (ní féidir í sin a chur san áireamh ach amháin i gcás imeachtaí a thit amach an 3 Iúil 2008 nó ina dhiaidh sin)
- Míchumas ábhartha leighis
- Mainneachtain aon cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha a bhaineann le clárúchán an dochtúra a chomhlíonadh
- Mainneachtain déanamh de réir gealltanais a tugadh do Chomhairle na nDochtúirí Leighis nó aon bheart a dhéanamh atá sonraithe i dtoiliú a tugadh i gcomhthéacs fiosrú roimhe seo
- Sárú ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (lena n-áirítear foráil de chuid aon rialachán nó rialacha a dhéanfar faoin Acht seo)
- Ciontú sa Stát mar gheall ar chion is intriallte ar díotáil (nó, i gcás ciontú lasmuigh den Stát, mar gheall ar chion ab intriallte ar díotáil i gcúirteanna na hÉireann)

Bainistíonn an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe an chéad chéim den phróiseas gearáin, agus déanann siad teagmháil le gearánaithe agus le cleachtóirí le linn bhreithniú an PPC ar an ngearán. Ullmhaíonn an Gearán agus Imscrúduithe doiciméid do gach cruinniú PPC, pléann siad an comhfhreagras a leanann na cruinnithe sin, agus dréachtaíonn miontuairiscí lena bhfaomhadh. Bíonn an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe ag déileáil le gearánaigh, le dochtúirí agus le hionadaithe dlíthiúla ar bhonn laethúil, agus bíonn fiosruithe á ndéanamh acu freisin faoi threoir PPC. Bíonn ag fhoireann ag plé le líon mór ceisteanna maidir le cúrsaí eitice agus dlí ón bpobal agus ó chleachtóirí freisin.



An tOllamh Deirdre Madden, Scoil an Dílí, UCC.

In ainneoin méadú ar líon agus ar chastacht na ngearán in 2023, lean an PPC ar aghaidh le dul chun cinn cásanna agus rinne sé 286 cinneadh. Ina measc sin bhí 225 cás nach ndearnadh aon ghníomh breise ina dhiaidh sin tar éis imscrúdaithe, agus 61 cás a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Faoi láthair, glacann muid le cur chuige ildisciplíneach (MDT) maidir le bainistíocht cásanna, le hoifigiúil cásanna faoi mhaoirseacht bhainisteoirí gearán agus imscrúdaithe, chomh maith le haturnaetha. Is amhlaidh go bhfuil an struchtúr éifeachtach agus cuirfear ar bhonn foirmiúil é amach anseo, de thairbhe na reachtaíochta atá le teacht isteach. Faoi Acht na bPríomhghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialta) 2020, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach (POF) cinneadh a dhéanamh gan gearán a fhiosrú má tá sé nó sí sásta go bhfuil an gearán sin fánach, cráiteach, gan substaint nó i gcás “nach ndearnadh de mheon macánta é”.

Éilíonn an chumhacht triáise seo breithniú comhoibríoch cúramach nuair a fhaightear gearán, comhordú le gearánaithe féideartha, cur i bhfeidhm agus cumarsáid bheartas triáise Chomhairle na nDoctúirí Leighis, agus breithniú dlíthiúil ar na nithe atá oiriúnach maidir lena n-oscailt nó a n-imscrúdú. (Bhí 17 gcás neafaiseach, cráiteach nó gan substaint nó nach ndearnadh de mheon macánta i 2023, dar leis an PPC) Beidh struchtúr comhoibríoch na Foirne II-Disciplinigh ina chumasóir tábhachtach chun an reachtaíocht atá le teacht a chur i bhfeidhm go réidh.


I mbliana tugadh isteach foireann tiomnaithe chun déileáil le hAlt 60 d'Acht na Lia-Chleachtóirí a cheadaíonn don Chomhairle iarratas ‘*ex-parte*’ a dhéanamh chuig an gCúirt chun ordú a fháil chun clárú dochtúra cláraithe a chur ar fionraí, má mheasann an Chomhairle go bhfuil an fionraí riachtanach chun an pobal a chosaint. Cuireann an fhoireann seo aon chás ardriosca faoi bhráid an Uachtaráin agus an POF lena bhreithniú, ionas go gcinneadh an tUachtarán agus an POF ar cheart don Chomhairle an t-ábhar a bhreithniú de bhun alt 60 de

Acht 2007. Déanfaidh an fhoireann seo monatóireacht ar chásanna sábháilteachta othar ardriosca agus déanfaidh siad monatóireacht ar gach gealltanais agus tréimhse fionraíochta maidir le dochtúirí a breithníodh de bhun alt 60 den Acht.

Tá feabhsuithe breise próisis curtha i bhfeidhm i mbliana agus laghdaíodh ualach oibre na Comhairle mar gheall ar an údarás cinnteoireachta a tharmligean chuig an POF faoi alt 57 den Acht. Cumhachtaíonn Alt 57(1) den Acht a “Duine (lena n-áirítear an Chomhairle)” gearán a dhéanamh leis an PPC maidir le hábhar ar leith. Go stairiúil, ba é freagracht aonair an Chomhairle gearáin den sórt sin a dhéanamh leis an PPC. Bíodh sin mar atá, ag a chruinniú ar an 5 Meán Fómhair 2023, chinn an Chomhairle, de réir alt 24 den Acht, an fheidhm seo a tharmligean chuig POF na Comhairle. Rinneadh an toscaireacht seo gan dochar do cheart na Comhairle an fheidhm seo a chomhlíonadh agus dá bhrí sin, féadfaidh an Chomhairle gearán a chur faoi bhráid an PPC de bhun alt 57.

## An tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020

Leis an Acht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2020 (‘an tAcht 2020’), tá tús feidhme curtha cheana féin le roinnt alt de maidir leis an Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, tabharfar isteach athruithe tábhachtacha don phróiseas gearán. Nuair a thosófar an reachtaíocht, beidh an POF freagrach as gearáin a imscrúdú. Cuirfidh Acht 2020 ar chumas an PPC suí i bhfochoistí agus iad ag teacht ar thuairim maidir le gearáin agus ceadóidh sé tuilleadh don PPC glacadh le gealltanais ó liachleachtóirí cláraithe. Lean plé leis an Roinn Sláinte ar feadh na bliana maidir le dátaí do thosach feidhme Acht 2020.



# Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, Monatóireacht agus Sláinte

## An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Bunaítear an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin a tharchuireann an Coiste Réamhimeachtaí.

Déanann painéal de thríúir cinnteoirí ar comhaltaí den Choiste FTP iad fiosrúcháin agus glaonna a éisteacht. Ní mór gur comhaltaí nach liachleachtóirí iad beirt den phainéal agus gur liachleachtóir an duine eile. Caithfidh ar a laghad duine amháin de na baill a bheith ina chomhalta den Chomhairle.

In 2023, shuigh an Coiste FTP ar feadh 69 lá san iomlán, agus éisteadh fiosrúcháin agus glaonna a d'eascair as diúscairt 49 gearán a chuir An Coiste Réamhimeachtaí faoina bhráid.

Déantar foráil leis an Acht go reáchtáiltear éisteachtaí fiosrúcháin go poiblí mar réamhshocrú, mura ndéanann an painéal fiosrúcháin cinneadh a mhalairt a dhéanamh ar iarratas. As na 23 (i.e. 20 ceann críochnaithe + 3 cinn a cuireadh ar athló) éisteachtaí fiosrúcháin a reáchtáladh in 2023:

- Reáchtáladh 12 cheann go poiblí agus 11 cheann go príobháideach.
- Reáchtáladh 19 gceann acu go cianda agus reáchtáladh an 4 cinn eile le daoine i láthair go pearsanta.



**An Breitheamh David Barniville, Uachtarán na hArd-Chúirte.**

## An Coiste Sláinte

Is é príomhról an Choiste Sláinte monatóireacht a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí chun a gclárúchán a chothabháil agus "míchumas liachta iomchuí" orthu. Ciallaíonn "míchumas liachta iomchuí", de réir Alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, míchumas fisiciúil nó meabhrach an duine (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí), a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas an duine sin chun an ghairm sin, nó gné áirithe di, a chleachtadh. D'fhéadfadh liachleachtóirí den sórt sin teacht ar aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhealaí

éagsúla, lena n-áirítear féin-atreorú; atreorú ag tríú páirtí; nó atreorú ag an gComhairle. Tuairiscíonn an Coiste Sláinte don Chomhairle.

Reáchtáladh ocht gcruinniú iomlánach den Choiste Sláinte in 2023 chomh maith le 88 seisiún athbhreithnithe aonair. Le linn seisiúin athbhreithnithe aonair, pléann beirt bhall den Choiste leis an liachleachtóir maidir leis na tuarascálacha leighis a fuarthas óna ghairmithe cúraim sláinte agus aon saincheisteanna eile a bhaineann le sláinte an liachleachtóra a mheasann na baill a bheith cuí faoi na cúinsí.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 51 cleachtóir leighis á dtacú go gníomhach ag an gCoiste Sláinte.

## An Coiste Monatóireachta

Reáchtáladh sé chruinniú den Choiste Monatóireachta in 2023. Le linn 2023, scaoileadh ceathrar cleachtóirí ó mhaoirseacht an Choiste Monatóireachta agus tháinig ceathrar eile isteach. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí an Coiste Monatóireachta ag déanamh monatóireachta gníomhach ar 18 gcleachtóir leighis.

## Feidhm Monatóireachta Feidhmiúcháin

Bunaíodh feidhm nua Monatóireachta Feidhmiúcháin i ndeireadh na bliana chun acmhainn agus cumas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a neartú chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chleachtóirí a bhfuil srianta orthu agus chun tacú leo comhlíontacht a bhaint amach. Táthar ag súil go mbeidh an feidhm seo lánfheidhmiúil go déanach in 2024.

## Measúnú Feidhmíochta

Is próiseas rialála é Measúnú Feidhmíochta a chosnaíonn an pobal agus a thacaíonn le lia-chleachtóirí cláraithe trí mheasúnú a dhéanamh ar chleachtóir i gcoinne an chaighdeáin réasúnta do dhochtúir a chleachtann an cineál céanna míochaine. Tacaíonn sé le dochtúirí trí mholtaí a dhéanamh chun cuspóirí a leagan síos agus a chomhlíonadh chun a gcleachtas a chothabháil agus a fheabhsú.

### Sa bhliain 2023:

- Cuireadh sé chás ar aghaidh chuig Measúnú Feidhmíochta
- Cuireadh bailchríoch ar chás amháin nuair a críochnaíodh Measúnú Feidhmíochta
- Rinneadh dhá mheasúnú ar an láthair
- Bainistíodh 16 Measúnú Feidhmíochta gníomhacha

# Beartas Rialála agus Caighdeáin

## Polasaí Rialála

Ba chéim rithábhachtach é bunú na feidhme Polasaí Rialála in 2023 laistigh den Chomhairle Leighis chun rialachas éifeachtach agus foirmiú polasaithe rialála a chinntiú, nithe atá rithábhachtach chun ról na Comhairle mar rialtóir don Ghairm Leighis in Éirinn a choinneáil agus sábháilteacht othar a chosaint. Bunaíodh an t-aonad chun trí ghné lárnacha a mhaoirsiú: rialachas beartais rialála, forbairt páipéar seasaimh agus beartais i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha agus dréachtú cáipéisí beartais rialála i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha. Déanfaidh obair an aonaid ár gcur chuige a threorú mar rialtóir comhréireach, comhbhách, a dhéanann na prionsabail a bhaineann le rialáil cheart agus dhaingin a chur i bhfeidhm, agus chun cur chuige níos freagraí agus níos dinimiciúla maidir le rialáil liachleachtóirí a éascú.



Coiste Eitice Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## Eitic agus Gairmiúlacht

In 2023 d'fhoilsíomar an 9ú hEagrán den Treoir maidir le hIompar Gairmiúil agus Eitic do Dhochtúirí Cláraithe (an Treoir), atá mar thoradh ar dhá bhliain oibre, a chuimsigh próisis chomhairliúcháin phoiblí agus spriocdhírthe agus go leor uaireanta dréachtaithe. Réiteodh an struchtúr nua atá aige an bealach chun cinn chun ráitis ar leibhéal ard agus treoirlínte forlíontacha a fhoilsiú chun tacú le dochtúirí ina gcleachtas.




An tUasal Leo Kearns, Príomhfheidhmeannach, an Dr Suzanne Crowe, Uachtarán, Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an Bhean Uasal Jantze Cotter, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Beartas Rialála agus Caighdeáin.

# Taighde

Déanann Foireann Taighde Chomhairle na nDochtúirí Leighis staidéir chainníochtúla agus cháilíochtúla araon, agus chuige sin déanann siad anailís ar na sonraí ábhartha go léir, rud a chuireann ar chumas na Comhairle tuarascálacha agus treoir a tháirgeadh i go leor réimsí, lena n-áirítear pleanáil fórsa saothair.

## Tuarascáil Faisnéise an Fhórsa Saothair Leighis

D'ullmhaigh agus sheol an Fhoireann Taighde Tuarascáil Faisnéise ar an bhFórsa Saothair 2022, a tiomsaíodh ón anailís ar shonraí bliantúla maidir le coinneáil, clárú agus tarraingt siar dheonach. Tugann an tuarascáil seo léargas agus plé ar phríomhthuisintí agus saincheistanna a d'fhéadfadh a bheith ina chrann taca don phleanáil straitéiseach agus comhtháite maidir leis an bhfórsa saothair leighis.



An tUasal Leo Kearns ag labhairt leis an Dr Rita Doyle, iar-Uachtarán ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus an Dr Margaret O'Riordan.

I measc an ábhair a phléitear ann tá an Rannán Ginearálta, easpa deiseanna oiliúna agus oideachais, ganntanas comhairleoirí agus gá le deiseanna oiliúna a mhéadú do dhochtúirí in ospidéal neamh-shainchomhairleacha, uaireanta oibre iomarcacha agus timpeallacht oibre dúshlánach.

## Pleanáil Straitéiseach Sonraí

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tacú le hobair sonraí ar fud na stiúrtóireachtaí: Clárú, Feidhmiúlacht chun Cleachtadh agus Gearáin agus Imscrúduithe, agus mapáil sócmhainní sonraí, lena n-áirítear bearnaí sonraí a aithint agus a réiteach. Tugadh moltaí chun creatlaí cáilíochta sonraí agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha a fhorbairt chun cáilíocht sonraí a chinntiú. Chuir ceardlann ar fhorbairt sonraí, á éascú ag David Darton ón General Medical Council, treoir agus ionchur rithabhachtach ar fáil dár ngníomhaíochtaí sonraí, agus forbraíodh Creat Rialachais chun tacú le pleanáil agus forbairt sonraí.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Chomhoibrigh an Fhoireann Taighde leis na sé rialtóir gairmeacha agus le dhá rialtóir seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, faoi scáth an Fhórait Rialála Sláinte agus Cúraim Shóisialta, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean reatha an lucht saothair lena mbaineann riosca suntasach le soláthar chúram sláinte othair sábháilte, cáilíochta. Is éard a bhí i gceist leis seo ná fianaise agus sonraí a thiomsú ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte, HIQA, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, CORU, NMBI, an Chomhairle Fiaclóireachta, agus ón gComhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, ina leagtar amach cás soiléir agus práinneach chun plan náisiúnta straitéiseach fórsa saothair a fhorbairt.

Bhí rannpháirtíocht shuntasach ann le páirtithe leasmhara seachtracha chun tacú le tionscadail taighde, pleanáil fórsa saothair agus gníomhaíochtaí sonraí a ailíniú, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, Oiliúint agus Pleanáil Náisiúnta Dochtúirí, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, an Phríomh-Oifig Staidrimh.



Baill an phainéil ag seoladh an naoú heagrán den Treoir maidir le hlompas Gairmiúil agus Eitic do Chleachtóirí Leighis Cláraithe.

## Tacaíocht Taighde

Thacaigh an Fhoireann Taighde le gníomhaíochtaí éagsúla ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear comhairliúchán don Ráiteas Straitéise agus ullmhú na dtuarascála a ghabhann leis. Rinneadh anailís ar shonraí ón bhfoireann Gearán agus Imscrúduithe agus ullmhaíodh iad i bhfoirm tuarascála le moltaí ag gabháil leo chun feabhas a chur ar ár bpróisis rialála agus chun tacú le hothair agus dochtúirí. Chuir an Fhoireann Taighde, an POF agus Uachtarán na Comhairle ár gcuid sonraí i láthair ag comhdhálacha.

Medical Council  
Newsletter

Research &  
Regulatory Data  
Insights Function

**Spotlight on the Medical Council's  
Research & Regulatory Data Insights Function**

The Medical Council's Research and Regulatory Data Insights function regularly produces high-quality research reports on the state of the medical workforce in Ireland. These reports are essential to informing recruitment and retention strategies, medical education and training development and healthcare policy in Ireland. They can support effective planning for a strong and sustainable medical workforce, and are used by the Department of Health to inform healthcare strategy.

Through the annual registration process, the Medical Council collects data about every registered doctor in Ireland. This quantitative and qualitative data on registration includes insights into working arrangements, work role, hours worked, training status and county of practice. This data forms the basis of many of the Research and Regulatory Data Insights function's reports, including the annual **Workforce Intelligence Report** and the **Your Training Counts** report.

The Research and Regulatory Data Insights function also supports research initiatives across teams in the Council and with external stakeholders, including academics, the Department of Health and the HSE.

[Read our Blog](#)

# Forbairt Ghairmiúil

Déanann an Fhoireann Forbartha Gairmiúla forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú ar na rialacha, na treoirlínte agus na caighdeáin maidir le hoideachas leighis agus oiliúint do cháilíochtaí bunúsacha agus speisialaithe leighis in Éirinn. Tá sé freagrach freisin as inniúlacht ghairmiúil a chothabháil i measc cleachtóirí leighis. In 2023 tháinig athrú suntasach laistigh den fhoireann Forbartha Gairmiúla chun próisis agus bealaí oibre a athbhreithniú agus a shruthlíniú. Rinneadh é seo le go mbeifí ag obair ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, ach anuas air sin, chun rannpháirtíocht le geallsealbhóirí a fheabhsú agus dá bharr sin, an tionchar a bhíonn againn ar bhonn níos leithne a fheabhsú.

Tháinig athruithe ar an gcur chuige atá againn i leith cruinnithe Gníomhaíochta & Cur i chun Feidhme agus maidir leis an bpróiseas atá againn do na tuairisceáin bhliantúla mar thoradh ar an machnamh a rinneadh mar chuid den phróiseas sin. Rinne an fhoireann athbhreithniú agus scagadh ar fhormaidí tuarascála creidiúnaithe freisin. Tá na tuarascálacha go léir nasctha anois leis na caighdeáin; tá siad soláite agus níos sruthlínithe le sonraí soiléire agus amlínte ceangailte le moltaí.

Beidh athbhreithniú agus feabhsú ár bpróisis agus ár ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta ag dul ar aghaidh go leanúnach in 2024 agus beidh sé ina phointe fócais don fhoireann le linn na bliana sin. Díreoidh muid go háirithe ar athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar ár bpróisis monatóireachta. Beidh an fhoireann níos leithne dírithe freisin ar thionchar ár gcuid oibre maidir leis an sainchúram atá orainn maidir le sábháilteacht othar.

## Gníomhaíochtaí Dearbhaithe Cáilíochta Fochéime

Comhlíonann próiseas creidiúnaithe Fochéime na Comhairle treoirlínte Chónaidhm Dhomhanda an Oideachais Leighis maidir le dea-chleachtas le haghaidh creidiúnaithe. Ina theannta sin, tá an próiseas measúnaithe agus ceadaithe ag an gCoiste Náisiúnta maidir le hOideachas Leighis agus Creidiúnú Thar Lear (cuid den Roinn Oideachais sna Stáit Aontaithe). In 2023, reáchtáladh trí chreidiúnú, cúirt dearbhaithe amháin agus trí imscrúdú anatamaíochta.

## Anatamaíocht

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an t-údarás ceadúnúcháin do chleachtas na hanatamaíochta sa Stát. Rinne 115 deonú trí na cláir deontóirí sna cúig scoil anatamaíochta in Éirinn in 2023.

| Scoil Liachta                            | Líon na ndeonuithe anatamaíochta a fuarthas in 2023 |
|------------------------------------------|-----------------------------------------------------|
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 21                                                  |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh         | 24                                                  |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 12                                                  |
| Ollscoil na Gaillimhe                    | 20                                                  |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 38                                                  |
| <b>Iomlán</b>                            | <b>115</b>                                          |

## Próiseas Monatóireachta Fochéime - Tuairisceáin Bhliantúla

Rinneadh anailís ar Tuairisceáin Bhliantúla na bliana acadúla 2021/2022 do naoi scoil leighis agus 12 chlár le linn 2023.

Áiríodh i bpríomhthorthaí an taighde tionchar leanúnach phaindéim COVID-19, agus lean scoileanna liachta orthu ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán lena n-áirítear srianta leanúnacha ar líon na mac léinn agus ar ghníomhaíocht i roinnt réimsí oiliúna cliniciúla. Tugadh faoi deara méadú ar líon na mac léinn atá ag baint leasa as tacaíochtaí mac léinn. D'fhéadfadh laghdú ar infhaighteacht iasachtaí céimithe laghdú a dhéanamh ar an éagsúlacht shocheacnamaíoch i measc mac léinn. Réimse a bhfuil gá go ndéanfaí tuilleadh imscrúdaithe air is ea leibhéal onóracha na gcéimeanna a bhronnann na scoileanna liachta. Bhí difear mór ann ó thaobh líon na gcéad onóracha a bronnadh sa bhliain 2021/22 idir 2% in Ollscoil Luimnigh agus 15% i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Baile Átha Cliath agus i gCampas na Malaeisia Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, . Ba é an meánchéatadán de chéimeanna céad onóracha a bronnadh in 2021/22 ná 11.5%. Bíonn impleachtaí ag leibhéal onóracha na gcéimeanna a bhronntar ar shocrúcháin intéirneachta, ar iarratais ar oiliúint iarchéime, agus ar iarratais phoist.

Seoladh na Tuairisceáin Bhliantúla don Bhliain Acadúil 2022/2023 chuig na scoileanna liachta ar an 21 Samhain 2023 agus tá siad le cur isteach ar an 31 Eanáir 2024.

## Tionscadail Fochéime - Torthaí Náisiúnta Céimithe (NGO)

Gheall an Chomhairle Leighis cur chuige bunaithe ar thorthaí a ghlacadh i leith leanúnachas an oideachais leighis agus na hoiliúna chun aistriú níos réidhe a éascú idir céimeanna forásacha fhorbairt ghairmiúil na ndochtúirí. D'fhothn aistrithe idir chéimeanna céimnitheacha oideachais a mheas agus a fheabhsú, ní mór don Chomhairle na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo ag gach céim a shoiléiriú agus tá siad tiomanta tús a chur leis an bpróiseas seo ag an tréimhse aistrithe ó scoil liachta go dtí an bhliain intéirneach. Is é aidhm thionscadal an NGO tacar critéar torthaí náisiúnta a fhorbairt do chéimithe ar cláir chéime leighis in Éirinn, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar na treoirilínte a ghabhann leo, agus ar an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na torthaí.

Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh agus thionscadal an NGO á fhorbairt: an comhthéacs polasaí náisiúnta, caighdeán idirnáisiúnta agus dea-chleachtas, comhthéacs reatha cúram sláinte na hÉireann, agus na tuarascálacha ábhartha.

Táimid ag céim an tsoláthair den thionscadal faoi láthair agus tá iarratas ar thairiscintí réidh le cur i bhfeidhm roimh dheireadh 2023. Táthar ag súil go dtógfaidh an thionscadal 18 mí le cur i gcrích ón dáta a chuirfear tús leis agus go mbeidh sraith torthaí céimithe náisiúnta agus creat measúnaithe mar thoradh air ar féidir le Scoileanna Liachta a chur i bhfeidhm.

## Gníomhaíochtaí Dearbhaithe Cáilíochta Suíomh Oiliúna Cliniciúil

Baineann sainchúram foirne Shuíomh Oiliúna Clinic (CTS) le láithreáin oiliúna cliniciúla agus leis an mbliain intéirneach agus leis na cláir oiliúna speisialtóra. I mbliana, chuaigh beirt bhall nua isteach ann agus ghlac siad seilbh ar fheidhm na n-iniúchtaí de chuid CTS.

Tá gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta CTS á dtreorú ag an méid atá sonraithe faoi alt 88 (3)(e) agus alt 88 (4)(e) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007. Faoi na hailt seo, éilítear ar láithreáin oiliúna cliniciúla ina ndéantar oiliúint intéirneach agus speisialtóireachta caighdeán atá leagtha síos ag Comhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh, chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don oiliúint. Caithfidh Comhairle na nDochtúirí Leighis na láithreáin seo, lena n-áirítear ospidéal, clinici, agus cleachtais Dochtúirí Ginearálta a iniúchadh chun measúnú a dhéanamh le fail amach an bhfuil na caighdeáin á gcomhlíonadh nó nach bhfuil.

Maidir leis an mbliain intéirneach go sonrach, tá gá le cloí le caighdeáin oiliúna agus taithí chun Teastas Taithí a bhronnadh ar intéirneigh tar éis dóibh an bhliain intéirneach a chríochnú go rathúil. Ní mór don Chomhairle gach suíomh



Cuid acu siúd a bhí i láthair ag ócáid de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

nua Intéirneach a iniúchadh agus a cheadú, agus i mí an Mheithimh, cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoi 17 suíomh nua intéirneach a raibh intéirneigh le bheith iontu. Go dtí seo, tá 13 de na 17 suíomh iniúchta, agus tá na ceithre cinn eile le hiniúchadh sa chéad ráithe de 2024.

## Rialachas Thionscadal na Bliana Intéirneachta

Ós rud é nach bhfuil aon chomhlacht náisiúnta amháin freagrach as oiliúint intéirneach in Éirinn, meastar go mbíonn éagsúlacht ó thaobh chaighdeán na hoiliúna a fhaigheann intéirneigh. Tá Comhairle Scoileanna Leighis na hÉireann (IMSC) ag obair faoi láthair ar thogra chun an t-aon chomhlacht náisiúnta a fhorbairt chun rialú a dhéanamh ar an mbliain intéirneach. Iarradh ar an IMSC múnla rialachais agus oibríochtúil a mholadh le haghaidh oiliúna intéirneach agus ba chóir go dtabharfaidh sé sin aghaidh ar na príomhchritéir agus ar na príomhriachtanais atá leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis.

D'fhreagair an IMSC go foirmiúil i mí Aibreáin 2023 ag cur in iúl don Chomhairle go bhfuil maoiniú aontaithe i bprionsabal leis an HSE NDTP agus go bhfuil Grúpa Oibre um Rialachas Intéirneach (IGWG) bunaithe chun cabhrú leis an togra a fhorbairt.

Bhunaigh Feidhmeannacht Chomhairle na nDochtúirí Leighis dhá ghrúpa chun tacú leis an athbhreithniú agus le haiseolas mar gheall ar an togra, An Grúpa Stiúrtha (SG) agus An Grúpa Comhairleach um Rialú na Bliana Intéirneachta (GIYAT) agus tá an dá ghrúpa tar éis dhá bhabhta de chruinnithe a réachtáil.

Is thionscadal leanúnach é seo a leanfaidh ar aghaidh i 2024.

## Inniúlacht Ghairmiúil

Ba é fócas na hoibre do Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2023 Creat nua athbhreithnithe maidir le hInniúlacht Ghairmiúil a Chotheabháil (MPC) a ullmhú do liachleachtóirí cláraithe faoi Bhealtaine 2025.

Bhain an obair seo le críochnú na dréachta de na Rialacha agus Treoirínte MPC. Beidh na doiciméid seo mar bhonn agus mar thaca leis an gCreat nua atá le teacht, chomh maith leis sin, leagfaidh sé na bunchlocha chun córas creidiúnaithe CPD a chruthú d'oideachas leanúnach na liachleachtóirí cláraithe. Tá prionsabail na rialála cuí san áireamh i gCreatlach agus i múnla oibriúcháin an chórais creidiúnaithe CPD araon.

Cuireadh na Rialacha agus na Treoirínte i láthair le haghaidh comhairliúcháin le Comhlachtaí Oiliúna i samhradh na bliana 2023, sular cuireadh os comhair na Comhairle go foirmiúil iad i mí na Nollag 2023. Ceadáíodh an dá dhoiciméad agus cuireadh chuig na Ranna Sláinte agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad ina dhiaidh sin. Nuair a bheas deimhniú faofa faighte ón dá roinn, ardófar na Rialacha mar Ionstraim Reachtúil agus foilseofar an dá dhoiciméad go hoifigiúil sa chaoi is go mbeidh siad i gcomhréir leis an tsamhail nua Chreatlaí i mBealtaine 2025.

Le linn 2023, d'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis sraith athbhreithnithe de Shocruithe chun sainmhíniú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar oibriú na Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla (PCSanna) ag na Comhlachtaí Oiliúna larchéime (PGTBanna). Léiríonn an fhianaise ar fad go raibh oibriú na Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla ag Comhlachtaí Oiliúna larchéime faoi shocrú le Comhairle na nDochtúirí Leighis ráthúil mar shamhail agus mar chomhpháirtíocht. Dá bhrí sin, beidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag marthanú na Scéimeanna atá ann cheana chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú na an Chreata nua um Inniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil faoi shraith athbhreithnithe Socruithe. Tosóidh na Socruithe nua seo i mBealtaine 2024 agus oibreoidh siad ar feadh cúig bliana. Beidh an chéad bhliain mar thréimhse aistrithe ina mbeidh gach oibreoir Scéime in ann ullmhú do thosach an Chreata nua agus na Rialacha gaolmhara i mBealtaine 2025.

Tugtar achoimre ghearr ar an obair a rinneadh le déanaí agus a dhéanfar san am atá le teacht maidir le tabhairt isteach an tsamhail nua athbhreithnithe den Chreat MPC do liachleachtóirí cláraithe thíos:

- **Formhuiniú na Comhairle ar na dréacht-Rialacha agus Treoirínte**
- **Comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Rialacha agus Treoirínte**
- **Formhuiniú na Comhairle ar na dréacht-Rialacha agus Treoirínte**
- **Forbairt ar Shocruithe Athbhreithnithe do PGTBanna**
- **Cur i láthair ar na Rialacha agus na Treoirínte do DoH agus DPER**
- **Ardú Ionstraim Reachtúil do Rialacha Nua**
- **Tosach feidhme na socruithe nua do PGTBanna**
- **Rannpháirtíocht le PGTBanna chun córas nua creidiúnaithe CPD a forbairt**
- **Críochnú an chórais nua creidiúnaithe CPD**
- **Tús foirmiúil le Creat Athbhreithnithe MPC agus na Rialacha gaolmhara**

# Gnóthaí Corparáideacha

## Rialachas Faisnéise

Tá ról lárnach ag an bhfoireann Rialachais Faisnéise maidir le ardcaighdeáin rialachais faisnéise a chothabháil ar fud na Comhairle. Tá an fhoireann freagrach go príomha as gach iarratas a fhaightear faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 a bhainistiú agus freagairt. Tá ról lárnach ag an bhfoireann freisin maidir le hiarratais ar fhaisnéis ó rialtóirí eile, ón nGarda Síochána agus ó thríú páirtithe eile a láimhseáil.

Mar a leagtar amach in Aguisín D, tá líon na n-iarratas a fuarthas sách seasmhach nuair a chuirtear i gcomparáid leis an líon a fuarthas 2022 iad. Cloítear le hamhlínte reachtúla maidir le próiseáil agus bainistiú na nithe sin den chuid is mó. D'ardaigh líon na n-iarratas ar Rochtain Ábhar faoi 66% go 15 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar iarratais ó pháirtithe eile ar nós An Garda Síochána agus gnólachtaí aturnaetha go 84 ó 31 in 2022. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise agus déanann sí iarracht go leanúnach chun trédhearcacht agus oscailteacht a chur chun cinn maidir le heisiúint taifead. Tá tuilleadh sonraí ina thaobh seo in Aguisín D.

Leanann an fhoireann Rialachais Faisnéise ag seachadadh oiliúna don Fheidhmeannas, don Chomhairle agus do choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Leis an oiliúint seo, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, cuirtear béim ar threoir ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus soláthraítear tacaíocht chun a chinntiú go leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis de bheith ag comhlíonadh na riachtanas atá uirthi maidir le rialachas faisnéise. Chomh maith leis an méid thuas, oibríonn an fhoireann go dlúth le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun na creatlaí rialachais faisnéise atá i bhfeidhm a fheabhsú. Áirítear leis seo obair ar bheartais agus ar nósanna imeachta, athbhreithniú ar thograí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus gníomhú mar fhoinse shaineolach comhairle do chomhghleacaithe ar shaincheisteanna rialachais faisnéise.

## Comhlíonadh

Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta na caighdeáin chomhlíonta is airde a chinntiú ar fud na heagraíochta, agus chuige sin, déantar infheistiú i dtraenáil, i bhfeabhsuithe próisis, agus i bhfeasacht ar fud gach feidhme de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhonn leanúnach. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi réir réimse leathan reachtaíochta agus tugann an méid thíos nuashonrú gairid ar phríomhreachtaíocht a

fheidhmíonn mar bhonn le roinnt próiseas agus nósanna imeachta inmheánacha a oibrítear ar mhaithe le leas an phobail.

## An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chun comhlíontacht na Comhairle leis an gCód a fheabhsú tuilleadh, bíonn- infheistiú a dhéanamh ag an gComhairle i dtraenáil agus i bhforbairt ar fud na Feidhmeannachta, na Comhairle agus i measc chomhaltaí an Choiste.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle agus ar chomhaltaí sonracha den Fheidhmeannas leasanna ábhartha a nochtadh nuair a cheaptar iad, agus nochtai ar a leasanna a nuashonrú gach bliain, nó nuair a bhíonn aon athrú ábhartha ann. Cuirtear ráitis leasa bhliantúla na ndaoine sin a bhfuil poist ainmnithe acu faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Níor aithníodh aon leasanna ábhartha ag leibhéal na Comhairle ná an Fheidhmeannais in 2023.

## Nochtuithe Cosanta

Soláthraíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 cosaint do dhaoine a dhéanann nochtadh ar mhaithe le leas an phobail. Tá na polasaithe agus na nósanna imeachta riachtanacha nuashonraithe agus foilsithe ag Comhairle na nDochtúirí Leighis de réir an Achta agus déantar forbairt ar phróisis tuairiscithe agus imscrúdaithe ar bhonn leanúnach. Fuair gach comhalta den Chomhairle oiliúint in 2023 ar nochtadh cosanta, agus leanann an oiliúint ar aghaidh ar fud an Fheidhmeannais.

## An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Tá Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta tuairiscithe cuí ionas go ndéanfar imní maidir le cosaint leanaí a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an údarás iomchuí.

Tá a Pholasáí um Chosaint Leanaí agus Daoine Soghonta chomh maith leis an gcáipéisíocht tacaíochta ábhartha foilsithe go himmheánach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh oiliúna in 2024, agus leanann ardú feasachta ar aghaidh i ngach rannóg de Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Chearta an Duine


Creideann Comhairle na nDochtúirí Leighis gur féidir linn ár n-éifeachtacht mar rialtóir a fheabhsú agus timpeallacht chuimsitheach agus thacúil a sholáthar dár bhfoireann trí thuiscint a fháil ar éagsúlacht daoine aonair agus trí chomhionannas agus éagsúlacht a leabú agus a chur chun cinn inár gcuid oibre.

De réir na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2015, cuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ball foirne tiomnaithe ar fáil freisin chun aon ghearáin a dhéantar faoi na hAchtanna seo a phróiseáil agus a imscrúdú.

Bíonn éagsúlacht inscne i measc liachleachtóirí á thaifeadadh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus léirítear é sin in Aguisín B den tuarascáil seo. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus leis an larscríbhinn a ghabhann leis an gCód, déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis monatóireacht ar chomhdhéanamh na Comhairle agus chomhaltai an Choiste agus tá sé sin ar fáil in Aguisín A den tuarascáil seo.

## An tAcht um Míchumas, 2005

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht a chinntiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas rochtain éasca a fháil ar gach seirbhís agus áis a chuireann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fáil. Leanadh le hathchóiriú na ceannoifige i rith 2023 agus é mar phríomhchuspóir aige feabhas a chur ar rochtain fhisiciúil agus ar thacaíochtaí laistigh den oifig dóibh siúd faoi mhíchumas. Bíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis comhlíontach ar bhonn leanúnach maidir leis an íosriachtanas gur chóir 3% dá fostaithe a bheith ina ndaoine faoi mhíchumas. Tá Oifigeach Rochtana ceaptha agus tá sé ar fáil chun tacaíocht a chur ar fáil de réir mar is gá.



## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag obair chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoin Acht leasaithe 2021. Mar ullmhúchán don tús céimnitheach le riachtanais nua, d'fhreastail foireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar nuashonruithe faisnéise mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021 i 2023.

Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis a tuarascáil 2023 ar na riachtanais íosta fógraíochta faoi bhráid an Choimisinéara Teanga de réir na n-amlínte reachtúla.

Foilsíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis doiciméid chomhairliúcháin, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise i nGaeilge.

Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag dul i dteagmháil trí Ghaeilge leo siúd a iarrann é sin a dhéanamh.

## Sábháilteacht agus Sláinte

Leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ag cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú) agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007-2020. Bíonn polasaithe agus nósanna imeachta láidre i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis agus soláthraíonn sí oiliúint mar is cuí.

Mar chuid den tiomantas seo, tugadh rochtain ar Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe do gach fostaí, comhpháirtí agus cleithiúnaí (os cionn 18 mbliana d'aois).

## Íocaíochtaí Prasa

Faoi réir na reachtaíochta um íocaíocht phras cuntas, tuairiscíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis gach ráithe don Roinn Sláinte maidir le híocaíochtaí pras agus tá na tuarascálacha sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## Rialachas Corparáideach

Tá an fhoireann um Rialachas Corparáideach freagrach as tacú leis an gComhairle agus leis an Uachtarán ina ról mar rúnaíocht na Comhairle agus tá siad freagrach as gach cruinniú den Chomhairle a thionól, a bhainistiú agus a reáchtáil i rith na bliana. Soláthraíonn an fhoireann comhairle rialachais shaineolach do chomhghleacaithe, don Chomhairle agus do Choistí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá freagracht ar an bhfoireann freisin as clár ionduchtaithe cuimsitheach agus clár foghlama agus forbartha a sheachadadh don Chomhairle agus, in éineacht le comhghleacaithe, amhlaidh a dhéanamh do na Coistí.

**In 2023, d'eagraigh agus bhainistigh an Fhoireann um Rialachas Corparáideach an méid seo a leanas:**

- 11 chruinniú rialála den Chomhairle sceidealaithe,
- 5 chruinniú rialachais den Chomhairle,
- 29 cruinniú urghnách den Chomhairle (lena n-áirítear cruinnithe a thionóltar trí pháipéir a scaipeadh).


Is ionann seo agus 45 lá cruinnithe i 2023, méadú de sheacht gcruinniú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Laethanta iomlána a bhí i bhformhór na gcruinnithe a sceidealaidh, agus thóg na cruinnithe urghnácha 3 uair an chloig an ceann ar an meán.

Tá ról lárnach ag an bhfoireann um Rialachas Corparáideach maidir lena chinntiú go mbainistítear ceapacháin chuig an gComhairle agus a coistí de réir dea-chleachtais. I 2023, chríochnaigh téarmaí 15 Chomhalta den Chomhairle. Bhí an obair a bhain le héascú an athraithe suntasach agus d'oibrigh an fhoireann um Rialachas Corparáideach go dlúth le comhghleacaithe chun é seo a sheachadadh. Ainmniúcháin / cheapacháin de chuid an Aire a bhí i dtíúir comhaltaí nuacheaptha den Chomhairle, d'ainmnigh comhlachtaí ábhartha seisear comhaltaí, agus cheap an tAire iad, agus bhí seisear ina mbaill tofa den Chomhairle. Bhí céad chruinniú na Comhairle nua ar an 14 Meitheamh, 2023.

I mí Aibreáin 2023, sheol an Fhoireann um Rialachas Corparáideach próiseas earcaíochta chun coistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis a líonadh le comhaltaí seachtracha coiste. Ba chuid den chlár oibre foriomlán é seo atá ar bun don bhliain chun bainistiú a dhéanamh ar cheapachán agus ar ionductú comhaltaí nua den Chomhairle chomh maith leis na coistí go léir den Chomhairle a líonadh. Bhí beagnach 60 post do chomhaltaí coiste seachtracha ar fáil. Cuireadh próiseas earcaíochta fairsing ar bun ag lorg léirithe spéise do na poist éagsúla trí fheachtas dírithe meán. Fuarthas 231 léiriú spéise san iomlán, agus rinneadh athbhreithniú agus próiseáil orthu.

Tar éis ceapadh na gcomhaltaí nua den choiste, forbraíodh clár ionductaithe cuimsitheach agus cuireadh i bhfeidhm é do chomhaltaí na Comhairle agus do chomhaltaí seachtracha araon. Bhí cur chuige traseagraíochta i gceist leis an ionductú le hoiliúint ghinearálta ar ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus ina dhiaidh sin oiliúint spriocdhírithe do gach coiste, a chuir na rannóga agus na rúnaí ábhartha ar fáil do na coistí. Tá tábhacht mhór ag baint le seachadadh clár ionductaithe den sórt sin, le béim mhór ar shaineolas agus ar eolas an Fheidhmeannais.

D'éascaigh an Fhoireann um Rialachas Corparáideach an t-athbhreithniú bliantúil ar Théarmaí Tagartha na gCoistí trí shraith ceardlann, chun a chinntiú go raibh feidhmeanna na gcoistí ag teacht leis na cuspóirí a leagtar amach sna pleananna gnó bliantúla, agus go raibh acmhainní cuí acu.



# Abhcóide Ginearálta

Lean an Fhoireann Dlí ag soláthar tacaíochta dlí agus comhairle straitéiseach don Chomhairle agus don Fheidhmeannas in 2023, ar fud fheidhmeanna rialála agus corparáideacha na Comhairle.

Cuireann an fhoireann comhairle dlí ar fáil don eagraíocht maidir lena feidhmeanna rialála sna réimsí Clárúcháin, Oideachais agus Oiliúna, Cothabháil Inniúlachta Gairmiúla agus Eitice chomh maith le hábhair a bhaineann le léirmhíniú reachtúil, nósanna imeachta cothroma, dlí riaracháin, conarthaí, dlí rialachais faisnéise, dlíthíocht, dlí fostaíochta agus gach saincheist dlí laethúil eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. In 2023 rinne an fhoireann dlí roinnt ábhar conspóideach a láimhseáil lena n-áirítear cás dlí os comhair na hArd-Chúirte.

Ina theannta sin, chuir an fhoireann le roinnt tionscadal tras-eagraíochtúil lena n-áirítear forbairt beartas rialála le linn 2023 agus bhí ról lárnach aici i dtacaíocht a thabhairt don eagraíocht ullmhú don chur i bhfeidhm reachtaíochta a théann i bhfeidhm ar a sainordú. Áirítear leis seo an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023, an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 agus an tAcht um Ghairmeacha Rialáilte (Cúram Sláinte agus Sóisialach) (Leasú), 2023 2020 (mar a leasaíodh).

## Imscrúduithe a bhaineann le cleachtas neamhchláraithe

Foráiltear le hAcht na Lia-Chleachtóirí 2007 ('an tAcht') nach ndéanfaidh lia-chleachtóirí neamhchláraithe leigheas a chleachtadh. Faoi alt 105 den Acht, tá sé de chumhacht ag an gComhairle imscrúdú a dhéanamh ar chás aon duine aonair, nach lia-chleachtóir cláraithe é nó í agus atá ag cleachtadh nó a chleacht leigheas de shárú ar an Acht. Rinneadh Alt 139 den Acht um Gairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialta) (Leasú) 2020 leasú ar an Acht 2007 ionas gurb é an POF a dhéanann imscrúduithe anois.

Más rud é, tar éis imscrúdú a dhéanamh, go bhfuil forais réasúnacha ag an POF chun a chreidiúint gur chleacht an duine aonair, nach lia-chleachtóir cláraithe, míochaine de shárú ar an Acht, tá sé de dhualgas ar an gComhairle an Garda Síochána agus an tAire Sláinte a chur ar an eolas.

Le linn 2023, rinneadh 32 imscrúdú<sup>1</sup> agus tuairiscíodh duine amháin do na Gardaí agus don Aire.

1. Agus é seo á scríobh, níl gach ceann de na himscrúduithe seo críochnaithe.

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Ba iad na príomhthéamaí le linn 2023 ó thaobh na TF de ná athléimneacht agus seasmhacht. Tar éis tréimhse inar tugadh isteach córais nua mhóra (amhail PRISM, ár n-ardán bainistíochta clárúcháin), agus inar filleadh ar obair oifige, agus samhail oibre hibrídeach, ba é príomhchuspóir phlean gnó 2023 ná seachadadh seirbhíse a bharrfheabhsú i réimsí an bhonneagair, an deasc chabhrach, na líonraithe, agus na cibearshlándála.

I mí Aibreáin, bhog an Chomhairle ar ais isteach ina príomh-oifig i dTeach Kingram agus bhí ról lárnach ag an bhfoireann TF ansin, agus iad ag comhoibriú leis an bhfoireann Saoráidí, chun a chinntiú go raibh an bonneagar cumarsáide agus teicneolaíochta i bhfeidhm chun fáilte chroíúil a chur roimh an bhfoireann ar fad. Cuireadh líonra nua Wi-Fi corparáideach i bhfeidhm rud a dhaingnigh nascacht líonra gan sreang i ngach cuid den fhoirgneamh don fhoireann. Rinneadh rochtain d'aíonna a choinneáil ar leithligh agus scoite amach ó chórais inmheánacha. Rinneadh athnuachan ar stáisiúin oibre úsáideoirí freisin agus rinneadh áiseanna sealaíochta deisce de 100% de na deasca i dTeach Kingram.

Agus muid ag díriú ar an gcibearshlándáil, neartaíomar an chosaint atá againn go suntasach trí chórais braite agus anailíse bagairtí atá chun tosaigh sa tionscal a chur i bhfeidhm faoi bhainistíocht Ionad Oibríochtaí Slándála lárnaithe. Tá infheictheacht gan sárú curtha ar fáil aige seo ar gach gníomhaíocht ar fud na bhfearann inmheánach agus néil atá againn. Tugann sé seo foláireamh dúinn faoi aon eachtraí a d'fhéadfadh a bheith suntasach agus soláthraíonn sé suaimhneas intinne dúinn go bhfuil ár dtimpeallacht faoi mhaoirseacht i gcónaí. Ina theannta sin, cuireadh raon tionscnamh breise cibearshlándála i gcrích lena n-áirítear treisiú líonra, cosaintí imlíne feabhsaithe, rochtain choinníollach agus criptiú mar aon le beartais neartaithe.

Leanfaidh obair ar straitéis chuimsitheach cibearshlándála ar aghaidh in 2024, rud a choinneoidh fócas ar an réimse tábhachtach seo.

Ó thaobh feidhmchláir de, leanamar ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar na córais lárnacha atá againn. Chuige sin, rinneadh raon feidhmiúlachtaí tábhachtacha a sheacadadh lena n-áirítear comhtháthú, athruithe ar phróisis athnuachana 2023, feabhsuithe ar riarachán cúil ar mhaithe lenár gcomhghleacaithe cláraithe, agus scóip mhéadaithe d'fheidhmchláir bhainistíochta cásanna dár bhfoireann Inniúlachta Gairmiúla. Anseo freisin, táimid tar éis díriú arís ar chobhsaíocht agus ar sheachadadh seirbhíse feabhsaithe. Chuige sin, tugadh isteach múnla tacaíochta úsáideora lárnach, ról nua an Bhainisteora Feidhmchlár Lárnach laistigh den fhoireann TF, próisis dearbhaithe cáilíochta athdheartha maidir le soláthar córais agus próisis bainistíochta díoltóirí foirmiúla, a bhfuil feabhas ar chaidrimh le díoltóirí tábhachtacha agus seachadadh seirbhíse níos fearr á seachadadh acu ar fad.

Leanfaidh ár bplean oibríochtúil do 2024 leis na téamaí seo agus tógfaidh sé ar an obair a rinneadh le linn 2023, rud a neartóidh agus a dhaingneoidh athléimneacht ár nósanna imeachta agus oibríochtúla agus a sholáthróidh ardán seasmhach as a bhforbróimid agus a sheachadfaimid ár straitéis dhigiteach.

# Áiseanna

Soláthraíonn an fhoireann Saoraidí tacaíocht rithabhachtach don eagraíocht thar réimse leathan réimsí, lena n-áirítear cothabháil foirgnimh, forfheidhmiú rialachán Sláinte agus Sábháilteachta agus a chinntiú go mbaintear amach spriocanna aeráide.

## Athsheoladh Theach Kingram

Cuireadh críoch shuntasach leis na hoibreacha athchóirithe faoin 24 Feabhra 2023. D'athoscail Teach Kingram mar ionad oibre ar an 17 Aibreán 2023 tar éis clár athchoimisiúnaithe rathúil.

Roimh fhilleadh ar Theach Kingram, cuireadh córais phleanála spásúla i bhfeidhm chun tacú le polasaithe oibre hibrideacha agus ar an láthair agus cumais acmhainní oifige athbhreithnithe. Rinneadh tuilleadh oibre chun córais nua foirgníochta a ionchorprú agus mion-dhíghrádaithe a réiteach thar an gcuid eile de 2023.

## Sábháilteacht agus Sláinte

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú) agus Rialacháin Ghinearálta Iarratais 2007-2020:

- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú bliantúil ar Ráiteas Sábháilteachta Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Nósanna Imeachta Sábháilteachta Dóiteáin agus polasaithe sábháilteachta gaolmhara chun an timpeallacht oibre agus uasghráduithe ar Theach Kingram a léiriú;
- Cuireadh measúnuithe eirgeanamaíochta ar fáil do thimpeallachtaí oifige cianda;
- Tugadh faoi shraith clár oiliúna le grúpa a chríochnaigh deimhniúchán d'oiliúint Garchabhrach agus Maor Dóiteáin PHECC;
- Cuireadh oiliúint feasachta sábháilteachta ar fáil do gach ball foirne nua ag tháinig isteach;
- Rinneadh iniúchadh riosca agus athbhreithniú ar gach measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta.

## Gníomhú Aeráide & An Comhshaol

Tá feidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i dtreo na spriocanna Gníomhaíochta Aeráide 2030 a bhaint amach ag feabhsú i gcónaí. Thuairiscigh bainistiú an tomhaltais fuinnimh éifeachtúlacht fuinnimh 70.6% faoi dheireadh na bliana 2022 i gcomparáid leis an mbonnlíne, feabhas 36% ar thorthaí 2021.

### I measc na nithe is suntasaí tá:

- Feidhmíocht fuinnimh síos 52%. (EE) Tá an bhunlíne dearfach.
- Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) neamhleictreach suas 12% agus beidh gá díriú isteach orthu seo in 2024.
- Tá astaíochtaí iomlána GHG dearfach faoi láthair, agus iad síos 26%.
- Beidh gá díriú isteach air seo a thuilleadh chun an treo seo a choinneáil.
- Táthar ag súil go ndéanfar anailís ar ionchuir sonraí breise a mbeidh tionchar acu ar na figiúirí seo in 2024, m.sh. dramhail (tCO<sub>2</sub>), iompar (paisinéirí - km taistealaithe) agus úsáid mhéadaithe an fhoirgnimh.
- Fuarthas rátáil athbhreithnithe BER B3 tar éis an athchóirithe a chríochnú, sin ardú ar an rátáil D2 a bhí aige roimhe seo.
- Coimisiúnaíodh Deimhniú Fuinnimh Taispeána (DEC) i R4 2023 agus fuarthas rátáil C1.
- Déanfar athbhreithniú ar mholtaí a eascraíonn as an tuarascáil chomhairleach i 2024 chun deiseanna breise éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe a aithint.
- Déanfar bailíochtú breise ar shonraí trí iniúchtaí fuinnimh, agus déanfar anailís ar shonraí ó chórais bainistíochta foirgníochta in 2024.
- Beidh na sonraí seo úsáideach do straitéisí bainistíochta fuinnimh agus do thionscadail Gníomhaíochta Aeráide amach anseo.

## Árachas


Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na polasaithe árachais inagus mar thoradh ar an bpróiseas athnuachana bliantúil cuireadh dhá pholasaí eile i bhfeidhm: Dlíteanas Cleachtais Fostaíochta agus Dlíteanas Dlithiúil Corparáideach.

**Ón mbonnlíne um éifeachtúlacht fuinnimh go 2022**

An méid fuinnimh a sábháladh: 70.6% níos ísle



Athrú Ídithe Fuinnimh: 23.4% níos ísle

**Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh - 2022**2022 EnPI = 4,548  $\frac{\text{kWh}}{\text{Fostaí CLA}}$ Sprioc EnPI = 7,743  $\frac{\text{kWh}}{\text{Fostaí CLA}}$ **Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh – Leibhéal 2 (2022)**

39.2% níos fearr ná 2021



Leictreachas = 3,202

 $\frac{\text{kWh}}{\text{Fostaí CLA}}$ 

27.5% níos fearr ná 2021



70.6% níos fearr ná an bhonnlíne um éifeachtúlacht fuinnimh



Teirmeach = 1,345

 $\frac{\text{kWh}}{\text{Fostaí CLA}}$ 

56.1% níos fearr ná 2021



41.3% níos fearr ná sprioc 2030



Iompar = 0

 $\frac{\text{kWh}}{\text{Fostaí CLA}}$ 

0.0% níos measa ná 2021



# Daoine agus Cultúr

Athainmníodh feidhm Acmhainní Daonna (AD) Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2023 mar an fheidhm Daoine agus Cultúr, rud a thugann sainmhíniú níos leithne agus níos nua-aimseartha ar an bhfeidhm chumasaithe seo, atá freagrach as ceannaireacht daoine a sholáthar, saineolas bainistíochta athraithe agus comhpháirtíocht leis an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus a bhfoirne chun an plean Straitéiseach foriomlán a bhaint amach agus dul i ngleic leis na hathruithe claochlaitheacha a cuireadh i bhfeidhm le linn 2023.

Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe seachadta don fheidhm seo in 2023: cumas eagraíochta agus forbairt ceannaireachta a thógáil, feabhas a chur ar eispéireas agus rannpháirtíocht fostaithe, forbairt Oibríochtaí éifeachtacha AD atá dírithe ar chustaiméirí agus bainistíocht clár tionscadail Deartha Eagraíochta (OD) a rinne athstruchtúrú iomlán ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis a stiúradh.

**Cumas eagraíochta a thógáil** trí earcaíocht na 34 ról a cheadaigh an Roinn Sláinte i bplean lucht saothair 2022 a thabhairt chun críche, chomh maith le comórtas inmheánach do ról a eascraíonn as an gclár OD agus ról eile a eascraíonn trí laghdúithe nádúrtha foirne. Ag deireadh na bliana 2023, bhí 138 ball foirne ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, méadú de 20 ón mbliain roimhe sin. Táthar ag súil go n-ardóidh leibhéil na foirne go 147 in 2024 mar thoradh ar an gclár Deartha Eagraíochta le linn 2023, a d'aithin bearnaí cumais i roinnt réimsí lena n-áirítear Faisnéis Ghnó, Seirbhísí Idirchaidrimh, Seirbhísí Dlí Speisialtóra, Bainistíocht Ionad Teagmhála, agus TFC.

Úsáideadh léargais ó Shuirbhé Cultúir 2022 agus sonraí ó Agallaimh Scoir chun **tionscnaimh a fhorbairt chun rannpháirtíocht agus eispéireas fostaithe a fheabhsú** lena n-áirítear cur i bhfeidhm cur chuige nua bainistíochta feidhmíochta, clár earcaíochta agus ionductaithe athbhreithnithe, deiseanna gairme feabhsaithe trí dheiseanna éagsúla foghlama agus forbartha a chur ar fáil chomh maith le deiseanna dul ag obair ar iasacht. Chuir na tionscnaimh seo le gníomhaíochtaí an Ghrúpa Folláine Fostaithe a chinntíonn go mbíonn fócas iomlánaíoch ag an bhfoireann ar ghníomhaíochtaí folláine – lena n-áitítear folláine mhothúcháin, mheabhrach agus fhisiceach.

Forbraíodh **creat inniúlachta ceannaireachta** chun tacú le forbairt foirne ag gach leibhéal chun gnéithe iompraíochta na n-inniúlachtaí ceannaireachta ardleibhéil a aithníodh in 2022 a fhorbairt. Tá an creat anois mar bhonn le haghaidh comhráití maidir le hearcaíocht, feidhmíocht agus gach gníomhaíocht forbartha ceannaireachta.

Athbhreithníodh agus ailíníodh gach **Polasaí Lárnach Daoine agus an Lámhleabhar Foirne** le Ciorcláin ábhartha na seirbhíse poiblí agus aon athruithe reachtaíochta.

Ba é an ráta laghdaithe foirne ag deireadh na bliana 2023 ná 15% san iomlán. Tharla seo i gcomhthéacs ina raibh athruithe claochlaitheacha ag tarlú le linn na bliana agus tá an ráta sin 1% níos ísle ná an meánráta laghdaithe in Éirinn de 16% do eagraíochtaí atá ar chomh-mhéid linne, agus is laghdú 7% é ar ráta laghdaithe na bliana roimhe sin a bhí ag 22%.

Le linn 2023, d'úsáideamar na léargais ó 2022 chun ár ngníomhaíochtaí a threorú. Le linn 2024, leanfaimid orainn ag tógáil ar fhorbairt straitéise agus tionscnamh Daoine & Cultúr a thosaigh i 2023, chun cumas a chur chun cinn le leibhéil leanúnacha coinneála agus rannpháirtíochta foirne chun spriocanna straitéiseacha na heagraíochta ina iomlán a chumasú.

## An Clár Deartha Eagraíochta

**D'aithin an clár Deartha Eagraíocht** roinnt athruithe suntasacha ar struchtúr Chomhairle na nDochtúirí Leighis – sé Stiúthóireacht sainithe a bhunú; Seirbhísí Idirchaidrimh & Tacaíochta a bhunú chun pointí teagmhála, saineolais agus tacaíochta comhsheasmhacha agus tiomnaithe a chruthú do dhochtúirí, othair agus don phobal; dearbhú éifeachtach Oideachais, Oiliúna & Inniúlachta a chumasú trí chur chuige agus bealaí le hoibriú timpeall ar shaolré an Dochtúra a chaighdeánú; foirne Clárúcháin speisialaithe a chruthú; lárú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí criticiúla, mar shampla Monatóireacht a dhéanamh laistigh den fheidhm Feidhmiúlachta chun Cleachtadh agus gníomhaíocht faoi Alt 60 laistigh den fheidhm Gearán & imscrúdú. Cuimsítear cumas sonraigh sa dearadh nua; freagrachtaí agus bealaí oibre chun pleanáil agus tosaíocht straitéiseach agus gnó tras-eagraíochta a chinntiú agus tugann sé aghaidh ar bhearnaí cumais agus acmhainne.

B'ionann an clár seo agus dinimic athraithe claochlaitheach don eagraíocht a fuair tacaíocht agus ar bainistíodh é trí chultúr rannpháirtíochta agus trédhearcachta a fhorbairt d'aon ghnó. Táimid ag súil go mbainfear tionchar dearfach breise ar rannpháirtíocht agus ar eispéireas na bhfostaithe amach mar thoradh ar shoiléireacht ról, feabhsú ról, samhla nua idirghníomhaíochta agus comhoibrithe agus úsáid chothrom acmhainní, le linn 2024 nuair a bheidh ár struchtúr nua á ionchorprú.

# Cumarsáid agus rannpháirteachas

Tá an fhoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta freagrach as straitéisí agus tionscnaimh chumarsáide a mhaoirsiú, agus bhí tréimhse tháirgiúil acu le go leor éachtaí ardphróifíle bainte amach le linn 2023. D'eagraigh an fhoireann roinnt imeachtaí duine le duine a bhí thar a bheith luachmhar chun cur le cuspóirí Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh an fhoireann bhí an cruinniú comhcheime maidir leis an Ráiteas Straitéise 2024 – 2028, a thug cuireadh do phríomhpháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt faoi théamaí a tháinig chun cinn ó aiseolas a fuarthas ó chlár comhairliúcháin cuimsitheach a tharla le linn Lúnasa – Meán Fómhair 2023. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara cur le forbairt Ráiteas Straitéise Chomhairle na nDochtúirí Leighis 2024 – 2028 le linn plé comhcheime idirghníomhach agus tarraingteach. Tháinig níos mó ná 50 páirtí leasmhara le chéile agus ghlac siad páirt sa seisiún seo, agus bhí an t-aiseolas a fuarthas luachmhar chun léargas a thabhairt ar fhorbairt phlean straitéiseach nua Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Tharla comhdháil páirtí leasmhara agus na meán chun tacú le seoladh an 9ú hEagrán den Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic sa cheathrú ráithe de 2023. Tharraing an chomhdháil os cionn 90 freastalaí, lena n-áirítear roinnt príomhpháirtithe leasmhara ó rialtóirí gairmiúla, grúpaí abhcóideachta othar, iontaobhaithe, chomh maith le meáin leighis, le cainteoirí ag díriú ar théamaí a eascraíonn as an treoir nua.

Tharraing an chomhdháil aird shuntasach ó na meáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus rinneadh roinnt agallamh le hUachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, An Dr Suzanne Crowe, agus urlabhraithe eile. Ghin an fheachtas níos leithne chun feachtas a ardú faoin treoir clúdach nuachta fairsing ar fud na bpríomhpháipéar náisiúnta, na tablóidí, agus na meáin chraolta, chomh maith le breis agus 80 píosa de chlúdach nuachta réigiúnach sindeacáitithe agus agallaimh, agus gné-ailt i bhfoilseacháin trádála leighis. Tacaíodh leis an bhfeachtas trí chumarsáid dhigiteach, lena n-áirítear feachtas ríomhphoist chuig os cionn 30,000 dochtúir agus páirtithe leasmhara agus postálacha beo ar na meáin shóisialta maidir leis an ócáid a fuair os cionn 25,000 amharc.

I lár na bliana 2023, choimisiúnaigh an fhoireann taighde tuairimí poiblí, agus seoladh na torthaí ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ar an Lá Domhanda Sábháilteachta Othar na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar an 17 Meán Fómhair. I ndiaidh an taighde seo rinne an fhoireann blag

Chomhairle na nDochtúirí Leighis a sheoladh, ina bhfuil ábhar tarraingteach agus faisnéiseach do dhochtúirí agus d'othair araon. Tá rannpháirtíocht iontach feicthe ag an mblag go dtí seo, le méadú +55% ar an am a chaitear ar leathanaigh an bhlag i gcomparáid le hábhar gréasáin eile, rud a léiríonn rannpháirtíocht láidir lenár lucht féachana.



Thug na foirne Cumarsáide agus Taighde tacaíocht don Uachtarán freisin le roinnt cur i láthair, lena n-áirítear Comhdháil IAMRA (Cumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leighis) san Indinéis ar an ábhar “Gluaiseacht idirnáisiúnta dochtúirí – deiseanna agus dúshlán eiticíúla - Taithí Chomhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn” áit ar chuir an tUachtarán ár dtaithí ar thacaíocht a thabhairt do dhochtúirí ón Úcráin agus ón tSúdáin i láthair. Ag an gcomhdháil seo, fógraíodh gur éirigh le Comhairle na nDochtúirí Leighis i tairiscint chun Comhdháil Idirnáisiúnta IAMRA a óstáil i 2025 i mBaile Átha Cliath. Bhí tacaíocht mhór ag an tairiscint seo ón bhfoireann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta agus bhí cur i láthair tairisceana agus moltaí físeáin san áireamh, rud a chabhraigh lena chinntiú gur éirigh lenár dtairiscint.

Bhí feidhmíocht ó thaobh na cumarsáide digití dearfach i 2023 le feabhsuithe maidir le roinnt cainéal. D’fhág feabhsuithe ar shuíomh Gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tháinig méadú suntasach ar thrácht suímh, le breis agus dhá mhilliún amharc leathanaigh in 2023 san iomlán. Seoladh Blag na Comhairle Leighis i Meán Fómhair 2023 le fócas athnuaite ar thacaíocht a thabhairt do dhochtúirí agus d’othair le hábhar digiteach atá faisnéiseach agus tarraingteach. Shroich feachtais ar na Meáin Shóisialta lucht féachana de bheagnach 550,000 ar ardáin éagsúla, le breis agus 600 post ábhair i rith na bliana, agus méadú 26% ar lucht leanúna i rith 2023.

Rinneadh athdhearadh ar nuachtlitir ríomhphoist Chomhairle nDochtúirí Leighis in 2023 lena ndéantar cumarsáid rialta le lucht féachana de níos mó ná 30,000. Osclaítear 72% de na ríomhphoist sin. Is ráta maith é sin i gcomparáid le 23% atá mar mheánráta oscailte sa tionscal. Léiríonn seo go bhfuil rannpháirtíocht dhearfach ann.

## Éachtaí Cumarsáide 2023



**2.2 milliún** amharc leathanaigh



**54%** Deasc



**45%** Fón póca



**Blag**

Seolta Meán Fómhair 2023 le **2,050** amharc leathanaigh

**2**

**Comhairliúcháin Phoiblí** a reáchtáladh le linn 2023



**30,133**

Lucht Féachana Ríomhphoist



**230,000**

Ríomhphost Seolta



**72%**

Ráta Oscailte

## Na Meáin Shóisialta



**549,000**

Ráta Féachana an Lucht Féachana



**42,000**

Amhairc ar Fhíseáin



**633**

Postálacha ar na Meáin Shóisialta



**38**

Ceisteanna Parlaiminte



**49**

Ionadaíochtaí Aireachta



**13**

Preaseisiúintí

# Bainistiú Riosca

Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith bhainistiú rioscaí, chun tacaíocht a thabhairt do bhaint amach cuspóirí agus do chomhlíonadh riachtanas reachtúil agus rialachais. Dearadh an creat bainistíochta riosca atá i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis chun tacú leis an monatóireacht, athbhreithniú agus bainistíocht leanúnach a dhéantar maidir le rioscaí.

Buaileann Úinéirí Riosca le baill dá bhfoirne agus déanann siad monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach. Buaileann an CRO le hÚinéirí Riosca ar bhonn ráithiúil chun gach gné de gach riosca a athbhreithniú agus a cheistiú agus iad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá. Cuirtear tuarascálacha ráithiúla ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord. Freastalaíonn an CRO ar na cruinnithe ráithiúla seo chun cur i láthair a dhéanamh ar ghluaiseacht riosca, rioscaí nua, rátálacha riosca, agus gníomhartha atá beartaithe ag an bhFeidhmeannas chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Tá Bord Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar thús cadhnaíochta maidir le hinghlachtacht, lamháltas agus bainistiú riosca, le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar thuarascálacha ráithiúla an chlár rioscaí.


In 2023, rinneadh iniúchadh iomlán ar an gcreat riosca agus ní raibh aon toradh le rátáil ard a dteastaíonn gníomh uaidh. Tabharfar aghaidh ar na torthaí a bhí idir meánach agus íseal trí nuashonrú ar an bpolasaí riosca sa chéad leath de 2024.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 114 riosca ag Comhairle na nDochtúirí Leighis 16 riosca rannóige. Tá na príomhthéamaí riosca a sainaithníodh in 2023 ar fáil thíos.

- i. De réir Acht na Lia-Chleachtóirí 2007, tá freagracht rialála ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chinntiú go gcuirtear gach gné den Acht i bhfeidhm go héifeachtach le sábháilteacht an phobail ina chroílár. Is féidir leis an Acht Leasaithe um Ghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Sóisialach) 2020 agus 2023 aghaidh a thabhairt ar na rioscaí reatha a bhaineann leis an gcreat reachtach reatha, ach go dtí go gcuirfear tús iomlán leis an Acht seo, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag plé leis an Roinn Sláinte.

- ii. Tá méadú tagtha ar chaiteachas dlí ag an gComhairle Leighis le linn na bliana 2023. Is ann don mhéadú seo mar thoradh ar phróisis atá ann cheana féin chun gearáin agus fiosruithe a phróiseáil agus a bhainistiú. Tá straitéis airgeadais á tógáil ag an bhFeidhmeannas agus leanfaidh siad orthu ag déanamh amhlaidh beidh laghdú ar chaiteachas dlíthiúil mar thoradh air.
- iii. In 2023, bhí dúshlán ag Comhairle na nDochtúirí Leighis maidir le foireann a mhealladh agus a choinneáil i róil thábhachtacha TF. Mar gheall ar na rioscaí féideartha a bhaineann le foireann TF easnamhach a bheith ann, forbraíodh straitéis AD a dhírigh ar fhoireann a mhealladh sa réimse seo. Le ceapadh baill foirne nua agus forbairt Straitéis Dhigiteach in 2024, tiocfaidh laghdú ar rioscaí TF i gComhairle na nDochtúirí Leighis, agus beidh éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht úsáideoirí fheabhsaithe mar thoradh air freisin.
- iv. Mar Rialtóir Sonraí, bíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis ag neartú polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha ar bhonn leanúnach. Tá oiliúint agus cur chun cinn dea-chleachtais rialachais faisnéise ar siúl ar fud na heagraíochta.
- v. Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas rialachais chun a ról a chomhlíonadh ní hamháin mar rialtóir ach mar bhord sa tseirbhís phoiblí. Tá tionscadail tosaithe ag an bhFeidhmeannacht, le tacaíocht ón gComhairle, chun athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Comhairle, an Choiste agus na Feidhmeannachta chun a chinntiú go leanann Comhairle na nDochtúirí Leighis de bheith ag comhlíonadh an dea-chleachtais agus na gceanglas dlíthiúil dá ról mar atá leagtha amach in Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 agus sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## Catagóirí Rioscaí de réir Ranganna



# Airgeadas

Lean an Roinn Airgeadais d'acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú ar bhealach a bhí ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus rialachais agus bhí dea-chleachtas á chur i bhfeidhm acu i rialú a cúrsaí airgeadais.

Rinneadh monatóireacht ar thuairisciú acmhainní airgeadais na Comhairle tríd an bpróiseas buiséadaithe, trí chuntais bhainistíochta mhíosúla agus ráithiúla agus trí réamhaisnéis leanúnach. D'oibrigh an fhoireann Airgeadais leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca chun a chinntiú go gcuirfí an Chomhairle ar an eolas go hiomlán i rith na bliana.

Ba iad na príomhghnéithe seachadta don fheidhm thar 2023 bainistiú a dhéanamh ar gach próiseas soláthar inmheánach in uireasa foireann Soláthair, tacú le tionscadail straitéiseacha tábhachtacha, dhá ardú tuarastail a chur i bhfeidhm do gach fostaí agus pinsinéir le linn 2023 lena n-áirítear siardhátú a dhéanamh ar choigeartuithe faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí “Ag Dul Ó Neart go Neart”. D'oibrigh an fhoireann Airgeadais i gcomhar leis na foirne Soláthair agus Dlí sa phróiseas tairisceana don tairiscint nua Seirbhísí Dlí. Ina theannta sin, chuir an fhoireann le roinnt tionscadal tras-eagraíochta lena n-áirítear tionscadal pleanála lucht saothair ar eascair ceadú do phoist bhreise as.

Lean an Fhoireann Airgeadais leis na hathruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm i rith 2023 a bhí i gcló na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais, agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil éifeachtach.

De réir an chuspóra straitéisigh maidir le dearadh eagraíochtúil athbhreithnithe, rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar struchtúr na feidhme Airgeadais in 2023. Chuir an tionscnamh seo le forbairt shamhail comhpháirtíochta gnó, a chuirfidh ar chumas na foirne Airgeadais tacaíocht níos mó a thabhairt do na haonaid ghnó straitéiseacha laistigh den eagraíocht. Cuirfear an tsamhail nua i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2024.

## Iniúchadh

Cuireadh tús le ceithre Iniúchadh Inmheánach le linn 2023, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár mBainistíocht Riosca, na Próisis Soláthair, Ceannaigh & Íocaíochtaí, próiseas loncaim Clárúcháin agus an tAthbhreithniú Bliantúil ar Rialú Airgeadais Inmheánach. Críochnófar an dá iniúchadh deireanacha i ráithe 1 2024. Tugadh tuarascálacha iniúchta inmheánacha críochnaithe os comhair an Choiste Iniúchta agus Riosca ARC le haghaidh ceadaithe agus beidh gach moladh le feiceáil sa phlean gnó oibríochtúil do 2024 agus sa chlár riosca nuair is gá. Chomhoibrigh an fhoireann Airgeadais leis an bhfoireann iniúchta inmheánaigh agus chuir siad an doiciméadú ar fad ar fáil don fhoireann trí líonra slán lena chinntiú gur críochnaíodh na hiniúchtaí sceidealaithe le haghaidh 2023 go tráthúil.

# Soláthar

Leanann feidhm Soláthair Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag díriú ar sheachadadh agus ar fheabhsú cáilíochta agus éifeachtúlachta na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar fud na heagraíochta.

I dtreo dheireadh na bliana 2023, líonadh ról an Cheannasaí Soláthair agus an Fheidhmeannaigh Soláthair go rathúil. Tá freagracht ar an bhfeidhm soláthair as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus bainistíocht gníomhaíochtaí soláthair, ag cinntiú go bhfuil an eagraíocht go hiomlán comhlíontach le nósanna imeachta soláthair náisiúnta agus AE. Le linn na bliana, críochnaíodh roinnt nósanna imeachta foirmiúla soláthair a bhí suntasach, agus cuireadh tús le roinnt eile.

Ba iad na príomhsholáthairtí a bhainistigh an feidhm ná:

- Seirbhísí Díl a sholáthar - bunú creataí ilpháirtí
- Forbairt na dTreoirínte chun Tacú le Cur i bhFeidhm na gCaighdeán Nua maidir le hOideachas agus Oiliúint Leighis

- Seirbhísí Saoráidí a sholáthar
- Seirbhísí Comhairleoireachta agus Tacaíochta a sholáthar maidir le Torthaí Oideachais agus Oiliúna Chomhairle na nDochtúirí Leighis
- Seirbhísí Ginearálta Earcaíochta a sholáthar
- Soláthar, Suiteáil agus Cothabháil Réiteach AV Comhtháite.

Ina theannta sin, tharla roinnt nósanna imeachta neamhfhoirmiúla soláthair. I measc na nithe a soláthraíodh tá:

- Seirbhísí Cóitseála
- Seirbhísí Pleanáilte Coisctheacha agus Cothabhála
- Seirbhísí Conraitheora Tógála

# Ráitis Airgeadais

|                                                                           |    |
|---------------------------------------------------------------------------|----|
| Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile                                 | 43 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle                  | 44 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach                                        | 54 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste                            | 56 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus<br>ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | 58 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach                                            | 59 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais                                            | 60 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid                                                | 61 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais                                | 62 |

# Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile

## Eanáir - Nollaig 2023

|                                         |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
|-----------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Uachtarán</b>                        | An Dr. Suzanne Crowe                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>Leasuachtarán</b>                    | An Dr. Thomas Crotty (Eanáir - Bealtaine 2023)<br>An Dr. Mary Davoren (Meitheamh - Nollaig 2023)                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</b> | Leo Kearns                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>An Chomhairle</b>                    | An Dr. Suzanne Crowe<br>An Dr. Thomas Crotty<br>An tOllamh Paul Finucane<br>An Dr. Anthony Breslin<br>An tOllamh Marina Lynch<br>Vicky Blomfield<br>An tOllamh Morgan Crowe<br>An Dr. Orla Kelly<br>An tOllamh John Hyland<br>Bill Maher<br>An Dr. Aoife Mullally<br>Joan Heffernan<br>An tOll. Edna Roche<br>An Dr. Michael McGloin<br>An Dr. Mary Davoren<br>Sinéad Corcoran<br>An tOllamh Ronan O'Connell | Ian Drennan<br>Teresa Bulfin<br>John Murray<br>An tOllamh Joe McMenamin<br>Jim O'Sullivan<br>John Gleeson<br>An tOll.<br>Mary O'Sullivan<br>An Dr. Margaret O'Riordan<br>An tUasal Ronan Quirke<br>Jill Long<br>Nauman Nabi<br>Marie Culliton<br>An tOllamh Deirdre Murphy<br>An Dr. Liqa ur Rehman<br>Paul Harkin |
| <b>Oifigí</b>                           | Teach Kingram<br>Plás Kingram<br>Baile Átha Cliath 2                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>Iniúcháirí</b>                       | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>Baincéirí</b>                        | Banc na hÉireann<br>Bóthar Ráth Maonais<br>Ráth Maonais<br>Baile Átha Cliath 6                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>Dlíodóirí</b>                        | Fieldfisher,<br>Foirgneamh Chéipil,<br>Mainistir Mhuire,<br>Baile Átha Cliath 7                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

## Rialachas

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar oifigeach díreach idirchaidrimh idir an Chomhairle féin agus lucht bainistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

## Freagrachtaí na Comhairle

An obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sa Chreat Rialachais agus sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón gComhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 ar an gComhairle gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le toiliú an Aire Airgeadais.

Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a bhfuil míniú tugtha air sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí na Samhna 2023 trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2023.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

## Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d'Uachtarán, Leas-Uachtarán agus fiche ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Tharla athrú na Comhairle i mí an Mheithimh 2023. Tá trí fholúntas ar Bhord na Comhairle faoi láthair. Ceapadh formhór comhaltaí na Comhairle i gcomhair téarma cúig bliana ach ceapadh cuid acu i gcomhair téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle le chéile gach dara mí. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta den Chomhairle/<br>de Choiste | Ról             | Ceapadh    | Athcheaptha | D'éirigh as |
|----------------------------------------|-----------------|------------|-------------|-------------|
| An Dr. Suzanne Crowe                   | Uachtarán       | 01/06/2021 | 01/06/2023  |             |
| An Dr. Tom Crotty                      | Leasuachtarán   | 01/06/2021 |             | 31/05/2023  |
| An Dr. Mary Davoren                    | Leasuachtarán   | 14/06/2021 | 01/06/2023  |             |
| An tOll.<br>Mary O'Sullivan            | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 |             |             |
| Teresa Bulfin                          | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 | 01/06/2021  |             |
| John Gleeson                           | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 | 01/06/2021  |             |
| Paul Harkin                            | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 | 01/06/2023  |             |
| Jim O'Sullivan                         | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 | 01/06/2021  |             |
| John Murray                            | Gnáth-chomhalta | 15/06/2018 | 01/06/2023  |             |
| Ian Drennan                            | Gnáth-chomhalta | 04/01/2021 | 01/06/2023  |             |
| Jill Long                              | Gnáth-chomhalta | 14/06/2021 |             |             |
| Marie Culliton                         | Gnáth-chomhalta | 27/08/2021 |             |             |
| An tOllamh Joe McMenamin               | Gnáth-chomhalta | 01/06/2021 |             |             |
| An Dr. Margaret O'Riordan              | Gnáth-chomhalta | 01/06/2021 |             |             |
| An tUasal Ronan Quirke                 | Gnáth-chomhalta | 14/06/2021 |             |             |
| An tOll. Edna Roche                    | Gnáth-chomhalta | 01/06/2021 |             |             |
| Sinéad Corcoran                        | Gnáth-chomhalta | 01/06/2023 |             |             |
| Morgan Crowe                           | Gnáth-chomhalta | 13/11/2023 |             |             |
| An tOllamh Deirdre Murphy              | Gnáth-chomhalta | 01/06/2023 |             |             |
| Nauman Nabi                            | Gnáth-chomhalta | 01/06/2023 |             |             |
| An tOllamh Ronan O'Connell             | Gnáth-chomhalta | 01/06/2023 |             |             |
| An Dr. Liqa ur Rehman                  | Gnáth-chomhalta | 01/06/2023 |             |             |
| An tOllamh John Hyland                 | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |
| Aoife Mullally                         | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |
| An Dr. Bill Maher                      | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |
| Marina Lynch                           | Gnáth-chomhalta |            |             | 28/02/2023  |
| An tOllamh Paul Finucane               | Gnáth-chomhalta |            |             | 28/02/2023  |
| An Dr. Anthony Breslin                 | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |
| Vicky Blomfield                        | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |
| An Dr. Orla Kelly                      | Gnáth-chomhalta |            |             | 31/05/2023  |

Cuireadh tús le téarma 2023-2026 Chomhairle na nDoctúirí Leighis i mí an Mheithimh 2023. Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar Choistí Chomhairle na nDoctúirí Leighis agus cuireadh athstruchtúrú i bhfeidhm i gcásanna áirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gCoistí.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis ocht gCoiste, mar seo a leanas:

## 1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)

### Tionóladh cúig chruinniú in 2023

Is é Ian Drennan atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais inmheánacha um rialáil agus bainistiú riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá seachtar comhaltaí, cúigear den Chomhairle agus beirt chomhaltaí seachtacha ar an gCoiste. Reáchtáladh 5 chruinniú den ARC in 2023.

## 2. An Coiste Réamhimeachtaí

### Tionóladh deich gcruinniú in 2023

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun breithniú tosaigh a thabhairt do ghearáin in aghaidh liachleachtóirí. Is é John Gleeson atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Réamhimeachtaí. Reáchtáladh gach cruinniú den PPC go cianda, arna reáchtáil thar dhá lá, ag comhaireamh mar chruinniú amháin. Ag tús 2023, bhí 15 chomhalta ar PPC, 7 gcomhalta seachtacha agus 8 gcomhalta de chuid na Comhairle. Earcaíodh 11 chomhalta nua in 2023, 3, ar comhaltaí den Chomhairle iad, agus 8 comhaltaí seachtacha). D'éirigh 3 as an gCoiste in 2023, 1 comhalta den Chomhairle agus 2 chomhalta seachtacha. Faoi mhí na Samhna 2023, bhí 25 chomhalta ann (9 comhaltaí Comhairle agus 16 chomhalta seachtach).

## 3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FtPC)

### Reáchtáladh daichead a naoi fiosrúchán in 2023.

Bunaítear an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun fiosrúcháin a dhéanamh ar ghearáin a tharchuireann an Coiste Réamhimeachtaí. Is é Paul Harkin atá ina chathaoirleach ar an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh. Éistean "Painéal" na fiosruithe. Triúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamh-leighis, agus comhalta leighis amháin bhíonn ar an bPainéal, agus ní mór do dhuine amháin de na comhaltaí ar a laghad a bheith ina b(h)all den Chomhairle. Reáchtáladh 49 fiosrúchán san iomlán in 2023.

## 4. An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach (RCPC)

### Tionóladh sé chruinniú in 2023

Dhá chuspóir atá ag an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach: bunú agus cothabháil éifeachtach an chlár liachleachtóirí a áirithiú; agus cothabháil leanúnach ar inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a áirithiú. Trí fhochoiste a chabhraíonn agus a thacaíonn leis an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, mar atá an Fochoiste um Fheidhmíocht Measúnóirí; an Painéal um Breithniú Clárúcháin (RAP); agus an Bord um Athbhreithniú Clárúcháin (RRB). Tá deichniúr comhaltaí ar an gCoiste: 4 chomhalta den Chomhairle (duine amháin tuata, duine amháin leighis) agus 6 chomhalta neamh-Chomhairle. Is í Teresa Bulfin atá ina cathaoirleach ar an gcoiste.

## 5. Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC)

### Tionóladh seacht gcruinniú in 2023

Is é cuspóir an Choiste Oideachais agus Oiliúna (ETC) straitéis Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fhorbairt, a mhonatóiriú agus a mheas maidir le hoideachas agus oiliúint agus cleachtas leighis na hAnatamaíochta. Cinntíonn an ETC creat creidiúnaithe/cigireachta ardchaighdeán agus próisis éifeachtacha chun Oiliúint Oideachas Leighis a dhearbhu agus a fheabhsú, Measúnóirí a earcú agus a oiliúint, cinntí / moltaí a dhéanamh maidir le torthaí Foirne Measúnóirí, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm coinníollacha agus moltaí, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar aitheantas speisialtachtaí nua agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle. Bhí an ETC faoi chathaoirleacht an Ollaimh Mary O'Sullivan go dtí Mí Iúil 2023, nuair a ceapadh an tOllamh Edna Roche mar Chathaoirleach. Tá seisear comhaltaí den Chomhairle (beirt acu Ex Officio) iarchomhalta amháin den Chomhairle agus naonúr comhaltaí seachtacha (beirt acu Ex officio) ar an gCoiste. Tionóladh 7 gcruinniú in 2023 (5 cinn a bhí sceidealaithe agus 2 ionductú) Tá 16 chomhalta ar an gcoiste.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

## 6. An Coiste Eitice agus Gairmiúlachta (EC)

### Tionóladh aon chruinniú déag in 2023

Cuireadh Coiste Eitice ar bun in Aibreán 2019 chun caighdeán Eitice agus Gairmiúlachta a leagan amach do liachleachtóirí cláraithe lena n-áirítear eagrú, foilsíú, cothabháil agus athbhreithniú treorach cuí ar gach ábhar a bhaineann leis an iompar gairmiúil agus le heitic do liachleachtóirí cláraithe; agus athbhreithniú a dhéanamh ar an “Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe” agus nuashonruithe a chruthú de réir mar is gá i rith gach téarma oifige cúig bliana. Tharla méid suntasach oibre ar dhréachtú an “Treoir maidir le hIompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe” in 2022 agus dá réir sin tharla meascán de chruinnithe rialta coiste, cruinnithe dréachtaithe, comhairliúcháin spriocdhírithé agus cruinnithe foghrúpa. Ag tús 2023 bhí naonúr comhaltaí ar an gCoiste, ceathrar comhaltaí den Chomhairle agus cúigear comhaltaí seachtracha. Is í an Dr. Suzanne Crowe atá ina cathaoirleach ar an gcoiste.

## 7. An Coiste Sláinte (HC)

### Tionóladh ocht gcruinniú in 2023

Is é príomhról an Choiste Sláinte monatóireacht a dhéanamh agus tacú le liachleachtóirí a gclárúcháin a chothabháil agus iad tinn agus/nó faoi mhíchumas. Míchumas coirp nó meabhrach a bheith ar an gcleachtóir (lena n-áirítear andúil in alcól nó i ndrugaí) agus a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chumas an chleachtóra míochaine nó gné áirithe di a chleachtadh an sainmhíniú a thugtar ar mhíchumas liachta iomchuí in Alt 2 d’Acht na Lia-Chleachtóirí. D’fhéadfadh liachleachtóirí den sórt sin teacht ar aird Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear féin-atreorú; atreorú ag tríú páirtí; nó atreorú ag an gComhairle.

Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle, agus bíonn ar an gCoiste beirt liachleachtóirí ghinearálta ar a laghad, beirt síceolaithe ar a laghad, aon lia sláinte ceirde amháin, beirt sícíteiripeoirí, agus beirt chomhaltaí thuata. Reáchtáladh 8 gcruinniú iomlánaíocha den Choiste in 2023 mar aon le 88 seisiún athbhreithnithe le linn na bliana. Maireann seisiún athbhreithnithe idir an bheirt chomhaltaí den Choiste agus na liachleachtóirí ar leith thart ar uair an chloig go hiondúil. Ag an seisiún athbhreithnithe, pléifidh comhaltaí an Choiste na tuarascálacha liachta a fuarthas ó ghairmithe chúram sláinte atá ag tabhairt cóireála don liachleachtóir mar aon le haon saincheisteanna eile atá ábhartha do shláinte an liachleachtóra atá iomchuí sna himthosca dar leis na comhaltaí.

## 8. An Coiste Monatóireachta (MC)

### Tionóladh seacht gcruinniú in 2023

Is é cuspóir an Choiste Monatóireachta monatóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann lena (h)ainm a choinneáil ar an gClár a bheith á gcomhlíonadh ag liachleachtóir. Féadfar coinníollacha a cheangal ar chlárúcháin liachleachtóra chláraithe de bhun Alt 53(3) agus/nó 71(c) d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar lear mór coinníollacha a táirgeadh cheana chun cabhrú leis an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis nuair a bhíonn coinníollacha á gceangal le clárúcháin liachleachtóra chláraithe lena chinntiú gur féidir leis an gCleachtóir agus leis an gCoiste araon comhlíonadh a dheimhniú.

Tá sceidil de chomhaltaí uile gach Coiste agus fochoiste agus grúpa athbhreithnithe leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe na Comhairle agus na gCoistí in 2023 leagtha amach in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil agus tá na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta leagtha amach thíos:

| Comhalta den Chomhairle/de Choiste           | Liúntas 2023  | Costais 2023  |
|----------------------------------------------|---------------|---------------|
| S Crowe (Uachtarán)                          | -             | 4,748         |
| T Crotty (Leas-Uachtarán, 31 Bealtaine 2023) | -             | -             |
| M Davoren (Leas-Uachtarán, 1 Meitheamh 2023) | -             | -             |
| V Blomfield                                  | 3,207         | -             |
| A Breslin                                    | -             | -             |
| T Bulfin                                     | 7,696         | 1,818         |
| S Corcoran                                   | 2,565         | -             |
| M Culliton                                   | -             | -             |
| N Nabi                                       | -             | -             |
| J Gleeson                                    | 7,696         | -             |
| P Finucane                                   | -             | -             |
| J Heffernan                                  | 3,848         | -             |
| P Harkin                                     | -             | -             |
| J Hyland                                     | 3,206         | -             |
| M Lynch                                      | -             | -             |
| O Kelly                                      | -             | -             |
| M McGloin                                    | 3,207         | -             |
| J Murray                                     | 7,696         | 2,274         |
| B Maher                                      | 3,206         | -             |
| I Drennan                                    | -             | -             |
| A Mullally                                   | -             | -             |
| D Murphy                                     | -             | -             |
| R O'Connell                                  | 3,848         | -             |
| M O'Sullivan                                 | 7,696         | 792           |
| J O'Sullivan                                 | 7,696         | -             |
| J McMenamin                                  | 7,696         | -             |
| M O'Riordan                                  | 7,696         | 759           |
| E Roche                                      | -             | -             |
| L U Rehman                                   | -             | 215           |
| J Long                                       | 7,696         | 19            |
| R Quirke                                     | 7,696         | 473           |
|                                              | <b>92,351</b> | <b>11,098</b> |

Bhí cúigear comhaltaí déag sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2023 nach bhfuair liúntas ón gComhairle in 2023 faoin bPrionsabal "Duine Amháin, Tuarastal Amháin" (OPOS), mar atá liostaithe thuas.

## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

| Comhalta Coiste | Ballraíocht Choiste / Meithle Oibre                                                         | Liúntas 2023 | Costais 2023 |
|-----------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|--------------|--------------|
| D Ashe          | Coiste Oideachais & Oiliúna, Measúnóir Oideachais & Oiliúna                                 | 2,400        | -            |
| V Beatty        | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 8,500        | -            |
| V Blomfield     | An Coiste Sláinte                                                                           | 3,900        | -            |
| A Bradbury      | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 1,500        | -            |
| P Brady         | An Coiste Sláinte                                                                           | 3,300        | -            |
| K Bulbulia      | An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, Painéal Breithiúnachta Clárúcháin, ETA   | 3,500        | 161          |
| J Casey         | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 6,400        | 87           |
| A Clarke        | An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach                                           | 9,100        | -            |
| T Clarke        | MC, Painéal Breithiúnas Clárúcháin                                                          | 5,100        | -            |
| L Conroy        | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC)                                          | 9,000        | 727          |
| M Culliton      | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 3,000        | -            |
| M Davin-Power   | Painéal Athbhreithnithe Clárúcháin                                                          | 600          | -            |
| A Dawood        | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 500          | -            |
| A Deane         | Coiste Eitice                                                                               | 4,700        | -            |
| C Devins        | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 6,000        | 486          |
| L Doyle         | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 500          | -            |
| P Eadie         | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 2,500        | -            |
| G Feeney        | Coiste Oideachais agus Oiliúna, Creidiúnú                                                   | 13,800       | 265          |
| P Fleming       | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 2,000        | 201          |
| D Forde         | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 3,000        | 132          |
| A Gilliland     | Measúnóir Oideachais & Oiliúna, RP                                                          | 15,350       | 309          |
| M Hardiman      | Painéal Athbhreithnithe Rialacháin                                                          | 300          | -            |
| AM Harney       | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 4,000        | 286          |
| M Houston       | An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach, Coiste Sláinte, An Coiste Réamhimeachtaí | 8,100        | 69           |
| J Horan         | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 500          | -            |
| P Hughes        | Coiste Athbhreithnithe Rialála                                                              | 300          | -            |
| J Jenkins       | Coiste Oideachais & Oiliúna, Measúnóir Oideachais & Oiliúna                                 | 6,100        | 7,778        |
| S Kealy         | An Coiste Réamhimeachtaí                                                                    | 5,400        | -            |
| F Keeling       | Painéal Breithiúnas Clárúcháin                                                              | 3,000        | -            |
| W Kennedy       | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 1,500        | -            |
| P Kelly         | Breithniú Clárúcháin                                                                        | 2,100        | -            |
| H Khalil        | Measúnóir Oideachais agus Oiliúna                                                           | 6,500        | 391          |
| G Knowles       | An Coiste Oideachais agus Oiliúna                                                           | 18,400       | 1,936        |
| M Khan          | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | -            | 1,074        |
| G Kirwan        | An Coiste Sláinte                                                                           | 4,200        | -            |
| A Lane          | An Coiste Sláinte                                                                           | 2,400        | -            |
| V Larkin        | An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh                                                 | 9,500        | -            |
| B Lewis         | Measúnóir Oideachais agus Oiliúna                                                           | 5,250        | 699          |
| C Mackie        | Coiste Measúnaithe Feidhmíochta                                                             | 1,000        | -            |
Déantar infháltais trádála a thaifeadadh ar na leibhéal táillí arna gcinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Má theipeann ar Lia-Chleachtóir an Fhoirm Iarratais Coinneála Bhliantúil a chomhlánú mar aon leis an Táille Choinneála a íoc, déanfar an té sin a scrios ó Chlár na Lia-Chleachtóirí réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Cealaíonn an próiseas seo an riachtanas chun soláthar a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha mar déantar na táillí arna n-eisiúint a chur droim ar ais nuair a scriostar an té sin den Chlár. Déantar infháltais eile a thaifeadadh ag praghas an idirbhirt.

## l) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chlár chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú mar ioncam agus mar chaiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin a bheith éagsúil mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le heachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála.

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainní ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhoill bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

## Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Stiúrthóir Airgeadais ar shaoilta sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na ranganna maoine, innealra agus trealamh go léir, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus measadh go bhfuil saolta na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

## Forálacha

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth ar bhunús fhaisnéise stairiúla nó faisnéise ábhartha eile, arna gcoigeartú do threochtaí le tamall anuas nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás imeachtaí nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhir a bheith an-difriúil ón meastachán.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo
- (iii) treochtaí sna rátaí costais i leith cúraim shláinte, an ráta boilscithe maidir le costais leighis sna réigiúin ábhartha.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 2. Ioncam

Is mar seo a leanas atá na míreanna ioncaim:

|                                                                                                                          | 2023<br>€         | 2022<br>€  |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|------------|
| <b>Táillí Coinneála</b>                                                                                                  |                   |            |
| An táille choinneála bhliantúil atá iníoctha ag Dochtúirí chun a gClárúcháin a choinneáil ar Chlár na nDochtúirí Leighis | <b>13,894,640</b> | 13,013,620 |
| <b>Táillí Clárúcháin</b>                                                                                                 |                   |            |
| Intéirneacht                                                                                                             | <b>279,250</b>    | 270,075    |
| Clárúchán ginearálta                                                                                                     | <b>3,720,210</b>  | 2,986,490  |
| Cur ar ais ar Chlár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí                                                                       | <b>80,670</b>     | 79,910     |
| Táillí Clárúcháin Speisialtóirí                                                                                          | <b>148,170</b>    | 140,020    |
|                                                                                                                          | <b>4,228,300</b>  | 3,476,495  |
| <b>Ioncam ilghnéitheach</b>                                                                                              |                   |            |
| Táillí seirbhíse                                                                                                         | <b>22,960</b>     | 18,035     |
| Táillí creidiúnaithe                                                                                                     | -                 | -          |
| Scrúduithe                                                                                                               | <b>77,535</b>     | 66,015     |
| Deimhniú dea-cháile sa ghairm                                                                                            | <b>214,422</b>    | 218,348    |
| Táille as íoc déanach                                                                                                    | <b>(50)</b>       | 50         |
| Costais dhlíthiúla aisghafa                                                                                              | <b>100</b>        | 3,400      |
| Eile                                                                                                                     | <b>81,569</b>     | 70,710     |
|                                                                                                                          | <b>396,536</b>    | 376,558    |

### 3. Fostaithe agus Luach Saothair

|                                  | 2023<br>€         | 2022<br>€ |
|----------------------------------|-------------------|-----------|
| <b>Cuimsíonn costais foirne:</b> |                   |           |
| Pá agus tuarastail               | <b>8,193,827</b>  | 6,073,506 |
| Costais leasa shóisialaigh       | <b>718,773</b>    | 540,833   |
|                                  | <b>8,912,600</b>  | 6,614,339 |
| Costais sochair scoir (Nóta 10a) | <b>1,316,860</b>  | 1,643,217 |
|                                  | <b>10,229,460</b> | 8,257,556 |

San áireamh sa chaiteachas Pá agus Tuarastail tá costais tuarastail aisíocaíochta €149,920 chuig Sláinte Leanaí Éireann i leith thuarastal an Uachtaráin reatha.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 3.1 Asbhaintí a bhaineann le pinsin

|                                             | 2023           | 2022    |
|---------------------------------------------|----------------|---------|
|                                             | €              | €       |
| <b>Asbhaintí a bhaineann le pinsin</b>      | <b>136,176</b> | 117,450 |
| Méid dlíte don Roinn ag deireadh na bliana. | <b>12,781</b>  | 9,531   |

## 3.2 Íocaíochtaí bónas

Ní dhearnadh aon íocaíocht bhónais leis an bhfoireann in 2023 ná in 2022.

## 3.3 Costais chomhiomlána Tuarastal Fostaithe

|                                  | Costais Tuarastail | Sochair foirceannta | Sochair iar-fhostaíochta | Eile |
|----------------------------------|--------------------|---------------------|--------------------------|------|
| Tuarastal comhiomlán fostaithe   | 6,698,816          | -                   | -                        | -    |
| Príomhphearsanra bainistíochta   | 850,154            | -                   | -                        | -    |
|                                  | <b>2023</b>        | <b>2022</b>         |                          |      |
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 145,532            | 140,570             | -                        | -    |

Áirítear leis an tuarastal comhlán a íocadh leis an POF coigeartú ag teacht le ceanglais a sonraíodh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an príomhoifigigh feidhmiúcháin ach na teidlíochtaí pinsin atá leagtha amach i scéim socair sainithe aoisliúntais pinsin na hearnála poiblí.

## 3.4 Líon na bhfostaithe

Ba é 117 meánlíon na ndaoine a fostaíodh in 2023 agus ba é 98 an meánlíon in 2022.

## 4. Caiteachas

Is mar seo a leanas a bhí na míreanna caiteachais:

|                                             | 2023             | 2022      |
|---------------------------------------------|------------------|-----------|
|                                             | €                | €         |
| <b>Riarachán Ginearálta</b>                 |                  |           |
| Árachas                                     | <b>120,399</b>   | 108,672   |
| Solas agus Teas                             | <b>94,972</b>    | 69,478    |
| Deisiúcháin agus Cothabháil                 | <b>65,981</b>    | 58,392    |
| Clódóireacht, postas, agus stáiseanáireacht | <b>38,757</b>    | 35,185    |
| Riar agus stóráil comhad                    | <b>40,723</b>    | 30,051    |
| Táillí teileafóin agus leathanbhanda        | <b>56,350</b>    | 67,005    |
| Costais ríomhairí                           | <b>804,097</b>   | 507,218   |
| Airíochas agus glantachán                   | <b>54,263</b>    | 38,919    |
| Slándáil                                    | <b>25,577</b>    | 11,857    |
| Creidiúnú                                   | <b>89,416</b>    | 69,239    |
| Taighde                                     | <b>62,426</b>    | 7,123     |
| Costais ghinearálta                         | <b>137,905</b>   | 56,947    |
| Iniúchadh Inmheánach                        | <b>16,446</b>    | 26,164    |
|                                             | <b>1,607,312</b> | 1,086,250 |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 5. Cáin

Foráiltear le hAlt 32 den Acht Airgeadais, 1994 go bhfuil díolúine ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ó cháin ar ioncam a fhaigheann sí ó infheistíocht. Níl Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteideal aisíocaíocht a fháil maidir le cáin choinneála ar ús taisce nuair a bhíonn sé sin asbhainte ón ús taisce.

Comhlacht Urraithe Neamhthráchtála Stáit í Comhairle na nDochtúirí Leighis de réir bhrí Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha agus Sceideal 4 an Achta sin.

Ní ghearrann an Chomhairle Leighis CBL ar a chuid táillí agus ní éilíonn sí CBL ar ais ar a chuid cheannachán.

### 6. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| <b>Costas</b>                       | <b>Foirgnimh agus Feabhsúcháin Léasachta</b> | <b>Trealamh Oifige</b> | <b>Daingneáin agus Feistis</b> | <b>Trealamh Ríomhaireachta</b> | <b>Iomlán</b> |
|-------------------------------------|----------------------------------------------|------------------------|--------------------------------|--------------------------------|---------------|
| €                                   | €                                            | €                      | €                              | €                              | €             |
| Amhail an 1 Eanáir 2023             | 1,982,896                                    | 25,014                 | 1,231,814                      | 1,999,674                      | 5,239,398     |
| Breiseanna                          | 3,313,291                                    | -                      | 37,364                         | 211,384                        | 3,562,039     |
| Diúscairt                           | (46,714)                                     | -                      | (15,547)                       | (608)                          | (62,869)      |
| Amhail an 31 Nollaig 2023           | 5,249,473                                    | 25,014                 | 1,253,631                      | 2,210,450                      | 8,738,568     |
| <b>Dímheas Carntha</b>              |                                              |                        |                                |                                |               |
| Amhail an 1 Eanáir 2023             | 1,024,992                                    | 19,342                 | 1,155,518                      | 1,577,362                      | 3,777,214     |
| Muirear don bhliain                 | 217,175                                      | 1,598                  | 9,442                          | 283,106                        | 511,321       |
| Diúscairtí                          | (14,484)                                     | -                      | (12,075)                       | (321)                          | (26,880)      |
| Amhail an 31 Nollaig 2023           | 1,227,683                                    | 20,940                 | 1,152,885                      | 1,860,147                      | 4,261,655     |
| <b>Glanluach de réir na leabhar</b> |                                              |                        |                                |                                |               |
| Amhail an 31 Nollaig 2023           | 4,021,790                                    | 4,074                  | 100,746                        | 350,303                        | 4,476,913     |
| Amhail an 31 Nollaig 2022           | 957,904                                      | 5,672                  | 76,296                         | 422,312                        | 1,462,184     |

I liosta na luachanna maidir le daingneáin agus feistis tá rogha bheag de shaothar maisiúil ealaíne atá suite sna hoifigí i dTeach Kingram. Déantar an saothar ealaíne a luacháil de réir treoracha FRS 102 Cuid 17.3 - Sócmhainní Oidhreacht. €2,668 an luach anonn atá air faoi láthair tar éis na hathluachála in 2019. Adam's Fine Art and Auctioneers a rinne luacháil ar na saothair ealaíne.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 6.1 Maoin, Gléasra agus Trealamh na Bliana Roimhe

| <b>Costas</b>                       | <b>Foirgnimh agus Feabhsúcháin Léasachta</b> | <b>Trealamh Oifige</b> | <b>Daingneáin agus Feistis</b> | <b>Trealamh Ríomhaireachta</b> | <b>Iomlán</b> |
|-------------------------------------|----------------------------------------------|------------------------|--------------------------------|--------------------------------|---------------|
| €                                   | €                                            | €                      | €                              | €                              | €             |
| Amhail an 1 Eanáir 2022             | 1,982,896                                    | 25,014                 | 1,207,358                      | 1,709,826                      | 4,925,094     |
| Breiseanna                          | -                                            | -                      | 29,880                         | 290,980                        | 320,860       |
| Obair idir Lámha                    | -                                            | -                      | -                              | -                              | -             |
| Diúscairt                           | -                                            | -                      | (5,424)                        | (1,132)                        | (6,556)       |
| Amhail an 31 Nollaig 2022           | 1,982,896                                    | 25,014                 | 1,231,814                      | 1,999,674                      | 5,239,398     |
| <b>Dímheas Carntha</b>              |                                              |                        |                                |                                |               |
| Amhail an 1 Eanáir 2022             | 928,765                                      | 17,423                 | 1,145,371                      | 1,318,957                      | 3,410,516     |
| Muirear don bhliain                 | 96,227                                       | 1,919                  | 14,494                         | 259,442                        | 372,082       |
| Diúscairtí                          | -                                            | -                      | (4,347)                        | (1,037)                        | (5,384)       |
| Amhail an 31 Nollaig 2022           | 1,024,992                                    | 19,342                 | 1,155,518                      | 1,577,362                      | 3,777,214     |
| <b>Glanluach de réir na leabhar</b> |                                              |                        |                                |                                |               |
| Amhail an 31 Nollaig 2022           | 957,904                                      | 5,672                  | 76,296                         | 422,312                        | 1,462,184     |
| Amhail an 31 Nollaig 2021           | 1,054,131                                    | 7,591                  | 61,987                         | 390,869                        | 1,514,578     |

## 7. Sócmhainní Airgeadais

|                                                 | <b>2023</b>        | <b>2022</b> |
|-------------------------------------------------|--------------------|-------------|
|                                                 | €                  | €           |
| Luach Cóir                                      |                    |             |
| Amhail an 1 Eanáir                              | <b>39,743,210</b>  | 44,817,126  |
| Íostarraingt Infheistíochta                     | <b>(3,000,000)</b> | (800,000)   |
| Gluaiseacht luacha cóir i sócmhainní airgeadais | <b>2,700,496</b>   | (4,314,361) |
| Ioncam infheistíochta                           | <b>55,094</b>      | 40,445      |
| Táille bhainistíochta                           | <b>(84,132)</b>    | -           |
| Ioncam/(costas) ó ús                            | -                  | -           |
| Cistí chuig/(ó) Punann                          | -                  | -           |
| Amhail an 31 Nollaig                            | <b>39,414,668</b>  | 39,743,210  |

Is ionann an luach cóir agus meánphraghas na sócmhainní airgeadais i margadh gníomhach ag an dáta tuairiscithe toisc nár luadh praghas tairisceana na sócmhainne airgeadais. Maidir le Nóta 1(e), tá beartas infheistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá ar fáil ar an láithreán gréasáin mar bhonn agus thaca ag infheistíochtaí.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 8. Infháiltais

|                     | 2023<br>€        | 2022<br>€        |
|---------------------|------------------|------------------|
| Réamhíocaíochtaí    | 972,909          | 3,480,524        |
| Infháiltais trádála | 482,984          | 230,167          |
| Infháiltais éagsúla | (739)            | 1,858            |
|                     | <b>1,455,154</b> | <b>3,712,549</b> |

San áireamh sna réamhíocaíochtaí tá €363,150 (2022: €403,500) arb é sin iarmhéid na réamhíocaíochta cíosa €807,000 ar Theach Kingram a íocadh ar an 11 Márta 2008. Tá sé seo á dhíscríobh thar na blianta atá fágtha den léas.

## 9. Suimeanna iníochtha

|                                                               | 2023<br>€         | 2022<br>€         |
|---------------------------------------------------------------|-------------------|-------------------|
| <b>Méideanna a bheidh dlíte laistigh d'aon bhliain amháin</b> |                   |                   |
| Méideanna Iníochtha trádála agus fabhruithe                   | 1,835,489         | 2,577,196         |
| Cáin                                                          | 280,159           | 357,242           |
| Ioncam iarchurtha - táillí coinneála                          | 7,148,923         | 6,753,573         |
| Ioncam iarchurtha – Maoiniú HSE                               | 200,000           | -                 |
| Soláthar in aghaidh chostais dlí                              | 1,372,000         | 975,000           |
| Tiomnacht do charthanacht / taighde                           | 294,127           | 536,383           |
|                                                               | <b>11,130,698</b> | <b>11,199,394</b> |
| <b>Gluaiseacht i soláthar dlíthiúil:</b>                      |                   |                   |
| Soláthar dlí amhail an 1 Eanáir                               | 975,000           | 350,000           |
| Úsáidte in 2023                                               | (261,000)         | (150,000)         |
| Rinneadh foráil dó in 2023                                    | 658,000           | 775,000           |
|                                                               | <b>1,372,000</b>  | <b>975,000</b>    |

Léiríonn an figiúr €7.1m d'ioncam iarchurtha ioncam maidir le táille coinneála a fuarthas in 2023 ach a bhaineann le cuid de 2024. Ba é €6.7m an figiúr sin in 2022.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 10. Costais Sochair Scoir

### a. Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a chuirtear de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

|                                                                 | 2023<br>€      | 2022<br>€        |
|-----------------------------------------------------------------|----------------|------------------|
| <b>Scéim sochair shainithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis</b> |                |                  |
| Costas reatha na seirbhíse                                      | 442,000        | 933,000          |
| Ús ar Chostais Pinsean                                          | 642,000        | 310,000          |
| Ranníocaíochtaí na bhfostaithe                                  | (404,273)      | (97,377)         |
|                                                                 | <b>679,727</b> | <b>1,145,623</b> |
| <b>Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair</b>                    |                |                  |
| Costas Reatha na Seirbhíse                                      | 714,000        | 562,000          |
| Ús ar Chostais Pinsean                                          | 91,000         | 41,000           |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha                                | (805,000)      | (603,000)        |
| Ranníocaíocht an Fhostóra                                       | 637,133        | 497,594          |
|                                                                 | <b>637,133</b> | <b>497,594</b>   |

Mar a shonraítear sa bheartas cuntasáíochta thuas, tá scéim phinsin shochair shainithe dúnta á feidhmiú ag Comhairle na nDochtúirí Leighis mar aon le scéim pinsin aonair na hearnála poiblí d'fhostaithe a tháinig isteach i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

Costas iomlán sochair scoir **€1,316,860**

Tá cinneadh déanta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe ar thosca achtúireacha agus de bhun alt 16 (4) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012:

- ranníocaíocht fostóra le hóc i leith comhaltaí áirithe den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus
- go n-íocfaidh an fostóir ranníocaíocht a bheidh trí huaire níos airde ná an ranníocaíocht a íocann an fostaí atá sa scéim aonair.

Ní mór do chomhlachtaí seirbhíse poiblí atá “á maoiniú go hiomlán nó den chuid is mó ó fhoinsí eile seachas go díreach nó go hindíreach ón lárchiste” íocaíochtaí fostóra a dhéanamh.

Mar eintiteas féinmhaoinithe is comhlachta poiblí, is ionann an tsuim €637,133 agus ranníocaíochtaí fostóra Chomhairle na nDochtúirí Leighis leis an scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Tá an dliteanas sin curtha ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí Seachadadh NDP agus Athchóirithe.

Lena chois sin, b'fhiú €212,378 in 2023 ranníocaíochtaí na bhfostaithe atá ina mbail den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus cuireadh an méid sin ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### b. Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir

|                                                                 | 2023<br>€  | 2022<br>€    |
|-----------------------------------------------------------------|------------|--------------|
| Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir                | 20,563,000 | 29,497,000   |
| Costas seirbhíse reatha                                         | 1,156,000  | 1,595,000    |
| Costais úis                                                     | 733,000    | 251,000      |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach                            | 1,606,000  | (10,247,000) |
| Sochair Scoir a íocadh sa bhliain                               | (448,000)  | (533,000)    |
| Scéim sochair shainithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis iomlán | 23,610,000 | 20,563,000   |
| Scéim sochair shainithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis        | 19,948,000 | 18,038,000   |
| Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair                           | 3,662,000  | 2,525,000    |
| Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 31 Nollaig              | 23,610,000 | 20,563,000   |

#### Maoiniú iarchurtha faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Tháinig méadú €1,137,000 ar an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ó 2022 agus 2023. Cuimsítear €805,000 den tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha i gcostais sochar scoir sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe, agus cuimsítear an €332,000 eile sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach de réir fhorálacha Chuid 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### c. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

|                                                                             | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|-----------------------------------------------------------------------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|---------------|
| Oibleagáidí sochair shainithe                                               | 23,610        | 20,563        | 29,497        | 28,437        | 24,031        | 20,797        |
| Caillteanas / (gnóthachain) thaithí ar oibleagáidí scéime sochair shainithe | 1,274         | 8,765         | 800           | 2,827         | 1,796         | 592           |
| Céatadán Dhliteanas na Scéime                                               | -5.4%         | -42.6%        | -2.7%         | -9.9%         | -7.5%         | -2.8%         |

### d. Cur síos ginearálta ar an Scéim

Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim aoisliúntais sochair shainithe neamhchistithe don fhoireann atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil di agus ó ranníocaíochtaí ó thuarastail na foirne.

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na n-oibleagáidí sochair scoir maidir le foireann reatha agus iarrfhoireann scortha na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2023. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta, Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh 102 - Sochair Scoir (FRS 102).

|                                        | 2023  | 2022 |
|----------------------------------------|-------|------|
| Ráta méadaithe ar thuarastail          | 3.35% | 3.5% |
| Ráta méadaithe i sochair scoir á n-íoc | 2.85% | 2.5% |
| Ráta lascaire                          | 3.15% | 3.6% |
| Ráta boiscithe                         | 2.35% | 2.5% |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### d. Cur síos ginearálta ar an Scéim (ar lean)

#### Bunús básmhaireachta:

|     | %           |
|-----|-------------|
| Fir | 58% ILT 15M |
| Mná | 62% ILT 15F |

#### Meán-ionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáideadh chun na sochair scoir a mheas

|                      | 2023        | 2022        |
|----------------------|-------------|-------------|
| Fir 65 bliain d'aois | 22.1 bliain | 24.3 bliain |
| Mná 65 bliain d'aois | 24.4 bliain | 26.4 bliain |

### e. Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin

I gcomhlíonadh an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, ríomh Comhairle na nDochtúirí Leighis mar “an tÚdarás Ábhartha” an sochar scoir infheidhme maidir le Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair amhail an 31 Nollaig 2023.

Baineann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin le sócmhainn a chruthú cothrom le dliteanas sochair shainithe na scéime seo. Déantar an dliteanas i leith chomhaltaí na Scéime Aonair a mheaitseáil le sócmhainn mhaoinithe iarchurtha de réir fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 11. Cúlchistí

|                                       | Cúlchiste Sochair Scoir<br>€ | Cúlchistí Coinnithe<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---------------------------------------|------------------------------|--------------------------|-------------|
| Amhail an 1 Eanáir 2023               | (18,038,000)                 | 39,132,117               | 21,094,117  |
| Barrachas don bhliain                 | -                            | (1,123,102)              | (1,123,102) |
| Gnóthachan achtúireach don bhliain    | (1,274,000)                  | -                        | (1,274,000) |
| Aistriú chuig cúlchiste sochair scoir | (636,000)                    | (636,000)                | -           |
| Amhail an 31 Nollaig 2023             | (19,948,000)                 | 38,645,015               | 18,697,015  |

Baineann an cúlchiste sochar scoir le scéim shochair shainithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus is ionann é agus costas carnach na sochar scoir lúide méideanna a íocadh go dtí seo. Is ionann an €636,000 a aistríodh sa bhliain agus an difríocht idir costas iomlán na sochar scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Chuntas Cúlchistí Ioncaim a bhaineann leis an €1,084,000 i scéim na Comhairle agus na sochair a íocadh sa bhliain, i.e. €448,000.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 12. Ceangaltais ó thaobh Léasanna Oibriúcháin

Tá conradh maidir le léas 20 bliain déanta ag Comhairle na nDochtúirí dar thús an 1 Eanáir 2013 agus a rachaidh in éag ar an 31 Nollaig 2032.

An 31 Nollaig 2023 bhí na híocaíochtaí léasanna íosta seo a leanas le déanamh ag Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas amach anseo:

|                                                   | 2023             | 2022             |
|---------------------------------------------------|------------------|------------------|
|                                                   | €                | €                |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin               | 827,500          | 827,500          |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain agus cúig bliana | 2,482,500        | 3,310,000        |
| Iníoctha tar éis cúig bliana                      | 3,310,000        | 4,137,500        |
|                                                   | <u>6,620,000</u> | <u>8,275,000</u> |

B'fhiú €827,500 (2022: €827,500) na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chostas.

### 13. Dlíteanais Teagmhasacha

Tionscnaíodh roinnt imeachtaí Ard-Chúirte in aghaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis. Tá an Chomhairle ag cur in aghaidh na n-imeachtaí go tréan agus tá sí sásta nach n-éireoidh leo agus tá soláthar déanta aici d'aon dlíteanas a thíocfadh astu. Tá cur síos déanta i nóta 9 ar chostais na Comhairle chun í féin a chosaint sna himeachtaí.

### 14. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 24 Iúil 2024.

# Aguisíní

|           |                                                                              |    |
|-----------|------------------------------------------------------------------------------|----|
| Aguisín A | Comhaltaí na Comhairle a d'Fhreastail ar Chruinnithe                         | 75 |
| Aguisín B | Staitisticí maidir le Clárúcháin                                             | 81 |
| Aguisín C | Staitisticí faoi Ghearáin agus Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh | 84 |
| Aguisín D | Staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise                                      | 89 |

# Aguisín A

## Cruinnithe na Comhairle, 1 Eanáir – 31 Nollaig 2023

| Cruinnithe na Comhairle, 2023                                             | Líon Iomlán na gCruinnithe |
|---------------------------------------------------------------------------|----------------------------|
| Cruinnithe na Comhairle - Rialachas                                       | 5                          |
| Cruinnithe na Comhairle - Rialáil                                         | 11                         |
| Cruinnithe Urghnácha den Chomhairle (lena n-áirítear Páipéir a Scaipeadh) | 29                         |
| <b>Iomlán</b>                                                             | <b>45</b>                  |

| Comhalta den Chomhairle/de Choiste               | Cruinnithe Rialachais | Cruinnithe Rialála | Cruinnithe Urghnácha | Iomlán    |
|--------------------------------------------------|-----------------------|--------------------|----------------------|-----------|
| An Dr. Suzanne Crowe <sup>2</sup> (Uachtarán)    | 5                     | 9                  | 15                   | <b>29</b> |
| An Dr. Tom Crotty <sup>1</sup> (Leasuachtarán)   | 0                     | 2                  | 6                    | <b>8</b>  |
| An Dr. Mary Davoren <sup>2</sup> (Leasuachtarán) | 5                     | 9                  | 7                    | <b>21</b> |
| An Dr. Anthony Breslin <sup>1</sup>              | 1                     | 3                  | 1                    | <b>5</b>  |
| Vicky Blomfield <sup>1</sup>                     | 2                     | 5                  | 5                    | <b>12</b> |
| Teresa Bulfin                                    | 5                     | 9                  | 8                    | <b>22</b> |
| Sinéad Corcoran <sup>2</sup>                     | 0                     | 4                  | 1                    | <b>5</b>  |
| Marie Culliton                                   | 4                     | 10                 | 16                   | <b>30</b> |
| An Dr. Morgan Crowe <sup>5</sup>                 | 1                     | 1                  | 0                    | <b>2</b>  |
| Ian Drennan                                      | 1                     | 3                  | 4                    | <b>9</b>  |
| An tOllamh Paul Finucane <sup>7</sup>            | 0                     | 1                  | 0                    | <b>1</b>  |
| John Gleeson                                     | 5                     | 8                  | 13                   | <b>25</b> |
| Catherine Godson <sup>4</sup>                    | 0                     | 0                  | 0                    | <b>0</b>  |
| Paul Harkin                                      | 5                     | 11                 | 13                   | <b>29</b> |
| Joan Heffernan <sup>2, 6</sup>                   | 2                     | 5                  | 4                    | <b>11</b> |
| An tOllamh John Hyland <sup>1</sup>              | 0                     | 3                  | 1                    | <b>4</b>  |
| An Dr. Orla Kelly <sup>1</sup>                   | 1                     | 4                  | 1                    | <b>6</b>  |
| Jill Long                                        | 5                     | 8                  | 6                    | <b>19</b> |
| An tOllamh Marina Lynch <sup>3</sup>             | 0                     | 0                  | 0                    | <b>0</b>  |
| Bill Maher <sup>1</sup>                          | 0                     | 4                  | 1                    | <b>5</b>  |
| Dr Michael McGloin <sup>1</sup>                  | 2                     | 3                  | 3                    | <b>8</b>  |
| An tOllamh Joe McMenamin                         | 1                     | 5                  | 10                   | <b>16</b> |
| An Dr. Aoife Mullally <sup>1</sup>               | 2                     | 3                  | 1                    | <b>6</b>  |
| An tOllamh Deirdre Murphy <sup>2</sup>           | 2                     | 4                  | 6                    | <b>12</b> |
| John Murray                                      | 4                     | 7                  | 13                   | <b>24</b> |
| Nauman Nabi <sup>2</sup>                         | 2                     | 3                  | 3                    | <b>8</b>  |
| An tOllamh Ronan O'Connell                       | 3                     | 6                  | 1                    | <b>10</b> |
| An Dr. Margaret O'Riordan                        | 4                     | 9                  | 9                    | <b>22</b> |
| Jim O'Sullivan                                   | 5                     | 11                 | 10                   | <b>26</b> |
| An tOllamh Mary O'Sullivan <sup>2</sup>          | 5                     | 7                  | 9                    | <b>21</b> |
| An tUasal Ronan Quirke                           | 3                     | 8                  | 6                    | <b>17</b> |
| An tOll. Edna Roche                              | 4                     | 2                  | 3                    | <b>7</b>  |
| An Dr. Liqa ur Rehman <sup>2</sup>               | 2                     | 4                  | 5                    | <b>11</b> |

1 Comhaltaí den Chomhairle ar tháinig deireadh lena dtéarmaí an 31 Bealtaine 2023

2 Comhaltaí den Chomhairle ar tháinig deireadh lena dtéarmaí an 1 Meitheamh 2023

3 D'éirigh as 24 Feabhra 2023

4 Ceaptha 24 Bealtaine 2023, d'éirigh as 24 Deireadh Fómhair 2023

5 Ceaptha 13 Samhain 2023

6 D'éirigh as 30 Samhain 2023

7 D'éirigh as Márta 2023

# Coistí

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

### Tionóladh cúig chruinniú in 2023

Is é Ian Drennan atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. An Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shláine na ráiteas airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais inmheánacha um rialáil agus bainistiú riosca agus a bheith chun tosaigh maidir le forbairt airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Bhí seachtar comhaltaí den Chomhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha ar an gCoiste suas go dtí an 30 Meitheamh. Tá cúigear comhaltaí na Comhairle agus beirt chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste anois. Tionóladh cúig chruinniú san iomlán in 2023. Eagraíodh na cruinnithe ar fad go fíorúil.

| Comhalta Coiste                                                 | Líon na gcruinnithe ar ar fheastail sé/sí |
|-----------------------------------------------------------------|-------------------------------------------|
| Ian Drennan (Cathaoirleach)                                     | 5                                         |
| An Dr. Tom Crotty (tháinig deireadh lena téarma an 30 Meith)    | 1                                         |
| An Dr. Suzanne Crowe (tháinig deireadh lena téarma an 30 Meith) | 2                                         |
| An Dr. Orla Kelly (tháinig deireadh lena téarma an 30 Meith)    | 3                                         |
| Joan O'Connor (tháinig a téarma chun deiridh an 30 Meith)       | 2                                         |
| An Dr. Donal O'Connor                                           | 2                                         |
| Jim O'Sullivan                                                  | 5                                         |
| An Dr. Edna Roche                                               | 3                                         |
| Ginny Hanrahan                                                  | 2                                         |
| Joan Heffernan                                                  | 1                                         |
| An tOllamh Ronan O'Connell                                      | 2                                         |

## An Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil / An Coiste Oideachais agus Oiliúna

### Tionóladh cúig chruinniú in 2023

Bhunaigh an Chomhairle Coiste Oideachais agus Oiliúna (ETC) chun tacú leis an gComhairle chun oideachas agus oiliúint leighis in Éirinn a chinntiú le gur féidir le hothair a bheith cinnte de go bhfuil an oiliúint cheart faighte ag dochtúirí chun cúram d'ardchaighdeán a thabhairt d'othair. Tá sé seo ag teacht le halt 20(3) den Acht a dhéanann foráil do bhunú Coiste Oideachais agus Oiliúna de chuid na Comhairle. Is í an tOllamh Edna Roche cathaoirleach an Choiste.

Bhí dhá théarma ann don ETC le linn 2023. Tháinig deireadh leis an gcéad cheann ar 30 Bealtaine, agus thosaigh an dara ceann ar an 11 Iúil. Laghdaigh an Coiste freisin ó 16 chomhalta go 9 gcomhalta. Tionóladh trí chruinniú sa chéad téarma, agus dhá chruinniú sa dara téarma.

| Comhalta Coiste                                              | Líon na gcruinnithe ar ar fheastail sé/sí |
|--------------------------------------------------------------|-------------------------------------------|
| An tOllamh Edna Roche <sup>1</sup> (Cathaoirleach)           | 5 de 5                                    |
| An tOllamh Mary O'Sullivan <sup>2</sup> (Leaschathaoirleach) | 5 de 5                                    |
| An Dr. Gozie Offiah                                          | 5 de 5                                    |
| Graham Knowles                                               | 5 de 5                                    |
| An Dr. Sinéad Murphy                                         | 4 de 5                                    |
| An Dr. Daniel Creegan <sup>3</sup>                           | 2 de 2                                    |
| An Dr. Mary Davoren <sup>3</sup>                             | 1 de 2                                    |
| An tOllamh Dara Byrne <sup>3</sup>                           | 1 de 2                                    |
| An Dr. Liqa ur Rehman <sup>3</sup>                           | 1 de 2                                    |
| Declan Ashe <sup>4</sup>                                     | 3 de 3                                    |
| An Dr. John Barragry <sup>4</sup>                            | 2 de 3                                    |
| An Dr. Deirdre Bennett <sup>4</sup>                          | 3 de 3                                    |
| An Dr. Tom Crotty <sup>4</sup>                               | 2 de 3                                    |
| An tOllamh John Jenkins <sup>4</sup>                         | 3 de 3                                    |
| An tOllamh Brendan Loftus <sup>4</sup>                       | 3 de 3                                    |
| An Dr. Aoife Mullally <sup>4</sup>                           | 3 de 3                                    |
| Teresa Bulfin <sup>4</sup>                                   | 2 de 3                                    |
| An tOllamh Oscar Traynor <sup>4</sup>                        | 3 de 3                                    |
| An Dr. Suzanne Crowe <sup>4</sup>                            | 1 de 3                                    |
| An Dr. Jennifer Finnegan <sup>4</sup>                        | 1 de 3                                    |

- 1 Cathaoirleach ón 11 Iúil 2023. Bhí ina Leas-Chathaoirleach roimhe sin go dtí 30 Bealtaine 2023
- 2 Leas-Chathaoirleach ón 11 Iúil 2023 i leith. Bhí ina Leas-Chathaoirleach roimhe sin go dtí 30 Bealtaine 2023
- 3 Tháinig sé isteach sa Choiste ar 11 Iúil 2023
- 4 D'fhág an Coiste an 30 Bealtaine 2023

## An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach

### Tionóladh sé chruinniú in 2023

Is iad na cuspóirí atá ag an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach ná bunú agus cothabháil éifeachtach an chlár liachleachtóirí a áirithiú; agus cothabháil leanúnach ar inniúlacht ghairmiúil liachleachtóirí cláraithe a áirithiú. Comhlíonann an Coiste a fheidhmeanna trí fhorbairt a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta: monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht: gníomhú mar chinnteoir deiridh maidir le hiarratais neamhchaighdeánacha ar chlárú agus déanann sé maoirseacht agus forghníomhú ar dhualgais an chláráithe inniúlacht ghairmiúil a choinneáil.

| Comhaltaí Coiste                      | Líon na gcruinnithe ar ar fhreastail sé/sí |
|---------------------------------------|--------------------------------------------|
| Teresa Bulfin – Cathaoirleach         | 6                                          |
| Patrick Murphy                        | 5                                          |
